Dréacht 1

AN BORD PINSEAN
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS
CUNTAIS 2005

Clár Ábhair	Uimhreacha Leathanach

Ráiteas Misin	4
Ar Sracfhéachaint	5
Ráiteas an Chathaoirligh	7
Réamhrá	9
An Bord Pinsean	11
Coistí	14
Feidhmeannach an Bhoird Pinsean	17
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	19
Tionscnamh Náisiúnta um Polasaí Pinsean/Acht na bPinsean (Leasú), 2002	24
Rialáil	29
Polasaí	55
Forbairt/Eolas/Meabhraíocht Pinsean	60
Gníomhach	71

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas faoi Dhualgais an Bhoird

Ráiteas an Chathaoirligh ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aguisíní

Aguisín I – Reachtaíocht Pinsean	77
Aguisín II – Dátaí Feidhmiúcháin do Chodanna de Acht na bPinsean, 1990, mar a leasaíodh	81
Aguisín III – Tábla de Orduithe/Rialacháin Tosaigh Éagsúla ábhartha a rinneadh i rith 2005	82
Aguisín IV – Foilseacháin	89
Aguisín V – Plean Gníomhaíochta Custaiméara: Feidhmiú i gcoinne Gealltanais	91
Aguisín VI – Giorrúcháin	94

Ráiteas Misin

- Chun slándáil agus cosaint na mball de scéimeanna pinsean gairme agus ranníocóirí go Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) a chur chun cinn, de réir Achtanna na bPinsean 1990-2004;

- An fhorbairt de struchtúir éifeachtacha um phinsean náisiúnta a chur chun cinn;

- Leibhéal rannpháirtíochta sa chóras pinsean náisiúnta a chur chun cinn a chuireann gach saoránach ar a gcumas ioncam scoir fónta a fháil; agus

- Eolas agus treoir údarásach a chur ar fáil do pháirtithe cuí i dtacaíocht le slándáil, struchtúir agus rannpháirtíocht pinsean

Ar Sracfhéachaint

- Ag deireadh 2005, bhí ballraíocht ghníomhach iomlán de 734,699 i scéimeanna pinsean gairme ar chlár an Bhoird, méadú de 1% ar an mbliain roimhe sin.

- As na 564 teastas maoinithe achtúire a cuireadh faoi bhráid an Bhoird i rith 2005, shásaigh 57% de na scéimeanna leasa sainmhínithe an caighdeán maoinithe.

- Ag deireadh 2005, shásaigh 68% de na scéimeanna leasa sainmhínithe gníomhacha an caighdeán maoinithe.

- Ba é 68,257 uimhir iomláin na conarthaí CCSP ag deireadh 2005. Tháinig luach iomlán na sócmhainní go dtí €451.7m, beagnach 2.5 oiread luacha na sócmhainní CCSP i 2004. Eisíodh ceistneoir go dtí 28,000 fostóir cláraithe mar chuid den phróiseas chun monatóireacht a dhéanamh ar rochtain shainordaitheach an fhostóra.

- D'ionchúisigh an Bord 6 cás i gcoinne iontaobhaithe de scéimeanna pinsean gairme agus 4 cás i gcoinne na bhfostóirí ábhartha go rathúil toisc an loiceadh chun dualgais CCSP a chomhlíonadh. Ba iad seo na céad ionchúisimh CCSP.

- Bhí Éire mar cheann de na céad tíortha chun an Treoir AE 2003/41/AE ar ghníomhaíochtaí agus feitheoireacht d'institiúidí don fhoráil de scoir cheirde (Treoir IORP) a thabhairt isteach i ndlí baile. An Treoir seo:
  - cuireadh i bhfeidhm í tríd an Acht Leasa Shóisialaigh agus Acht na bPinsean, 2005 le héifeacht ó 23 Meán Fómhair 2005,
  - iarrann sé go mbeadh acmhainní na scéime infheistithe don chuid is mó ar mhargaí rialaithe agus go mbeadh siad éagsúlaithe i gceart,
  - iarrann sé ar gach scéim seachas scéimeanna beaga (.i. iad siúd le níos lú ná 100 ball gníomhacha agus iarchurtha) chun Ráiteas de Phrionsabail Pholasaí Infheistíochta (SOIPP) a ullmhú i bhformáid ordaithe,
  - iarrann sé ar iontaobhaithe a bheith de dhea-chlú agus chun cáilíochtaí agus taithí gairmiúla cuí a bheith acu nó comhairleoirí le cáilíochtaí gairmiúla agus taithí cuí a fhostú, agus
  - tugann sé cead do scéimeanna pinsean feidhmiú "trasteorann".

- I gcomhthráth leis an bhfeidhmiú den Treoir IORP, chuir an Bord Pinsean leis an bhforbairt de Phrótacal idir feitheoirí pinsean Eorpacha maidir le gníomhaíocht trasteorann.

- Rinneadh Suirbhé Teaghlaigh Náisiúnta Ráithiúil CSO (QNHS) ar chlúdach a bhaineann le pinsin i Ráithe 1 2005. Bhí clúdach pinsean ag 51.5% de gach duine idir aois 20 – 69 a bhí i bhfostaíocht.

- I Samhain 2005, cuireadh an t-Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agusTeaghlaigh. Thug an tuarascáil seo measúnú straitéiseach de chóras pinsean na hÉireann agus bhí roinnt moltaí san

áireamh ann le haghaidh feabhsaithe sainiúla don chóras. Cuirfidh an t-athbhreithniú seo cinntí polasaí sa todhchaí ar an eolas maidir le fhoráil pinsean.

- Faoin Fheachtas Náisiúnta Meabhraíochta Pinsean, tosaíodh an straitéis oideachais pinsean a dhírigh ar chomhlachtaí earcaíochta, FÁS agus Fáilte Ireland agus comhlachtaí eile. Taispeánann tuarascálacha dul chun cinn neamhspleácha méadú mór i meabhraíocht pinsean.

- Lean an Bord ag déanamh monatóireachta ar a fhoráil de sheirbhís chustaiméara. Go háirithe, rinneadh uasghrádú ar shuíomh idirlín an Bhoird ionas go mbeadh sé níos in-rochtana agus níos dírithe ar chustaiméirí. Tugadh 216,052 cuairt ar an suíomh idirlín. Déileáladh le 11,789 fiosrú tríd an bpost, ríomhphost agus guthán i rith na bliana.

- Lean an Bord ag cinntiú go bhfuil a gcuid acmhainní á bhainistiú go cuí, ag tabhairt isteach Córas Bainistíochta Airgeadais agus Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna nua i 2005.

- Tógadh céimeanna chomh maith chun a chinntiú go mbeadh na baill nua den Bhord, a thosaigh ar 21 Nollaig, ar an eolas go hiomlán faoina ndualgais maidir le rialú corparáideach, go háirithe, a ndualgais maidir leis an gCód Iompair do bhaill agus foireann an Bhoird Pinsean agus maidir le na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

Tuarascáil Bhliantúil
Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm, de réir Ailt 23 d'Achtanna na bpinsean, an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil déag ("an Tuarascáil") den Bhord Pinsean – ("an Bord") don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2005.

Ba é seo an bhliain deireanach den iar-Bhord, a raibh an t-ullmhúchán agus an tabhairt isteach den Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean don Aire i measc a éachtaí i rith na bliana sin. Ba mhaith liom an Bord sin, agus a Chathaoirleach, Michael McNulty, a mholadh as ucht a ndílseacht agus gealltanas ag déanamh bliain an-rathúil as 2005 agus clabhsúr oiriúnach a chur lena dtéarma oifige.

Táim ag tnúth, mar Chathaoirleach, le bheith ag obair le mo chomhghleacaithe, baill eile an Bhoird, sna chúig bliana atá le teacht, a bheidh éachtaí an iar-Bhoird aige mar bhunús daingean.

Leagan Amach na Tuarascála

Agus an tuarascáil le haghaidh 2005 á thabhairt isteach agam, ba chóir dom a rá go leanann sé an leagan amach ceanna de na tuarascálacha do na blianta ó 2002 ina bhfuil na caibidil lárnacha bunaithe ar straitéis foilsithe an Bhoird 2002 - 2005. Toisc gurb í an bhliain deireanach den straitéis sin an bhliain lena mbaineann an tuarascáil reatha, feictear dúinn go bhfuil sé cuí go leanfaidh an tuarascáil an leagan amach sin.

2005

Ba bhliain chinniúnach agus dúshlánach í 2005 sna réimsí rialacháin agus polasaí araon i ngníomhaíocht an Bhoird. Sa réimse rialacháin, lean an Bord lena monatóireacht ar ghéilliúlacht le dualgais reachtúla de hiontaobhaithe agus stiúrthóirí scéimeanna pinsean gairme, chomh maith le soláthraithe agus fostóirí maidir le foráil CCSP. I dteannta géilliúlacht a chur chun cinn trí mhonatóireacht réamhghníomhach, tógadh ionchúisimh toisc sárú ar na riachtanais reachtúla i 10 cás, líon níos mó ná aon bhliain roimhe sin. Taispeánann na gníomhaíochtaí um mhonatóireacht na géilliúlachta agus feidhmithe gealltanas leanúnach an Bhoird chun feabhas leanúnach i leibhéil géilliúlachta a chinntiú ar mhaithe le rialú mhaith agus cosaint na mball. Ag an am céanna, in aitheantas na réaltachta margaigh, lean an Bord i rith 2005 ag tabhairt breis ama, san áit a bhí cuí, do mholtaí maoinithe a bhí ag dul thar an gnáth 3½ bliana ar mhaithe le hiarratais ó iontaobhaithe a raibh a scéimeanna ag braith deacrachtaí maoinithe. Tugann sé an-sásamh dom a chur síos gur laghdú mór an 47 iarratas a fuaireas i 2005 i gcomparáid le 135 iarratas i 2004. Tá súil againn, go dtugann sé seo chomhartha maith le misneach a thabhairt dúinn ag dearcadh amach ar na scéimeanna leasa sainithe.

Ó thaobh an pholasaí comhairleach de, bhí 2005 ina bhliain an chúramach. Thacaigh an Bord le gluaiseacht reachtaíochta príomha agus tánaisteach de riachtanais an Treorach IORP agus mholadar athraithe sa chaighdeán maoinithe. Chomh maith leis sin, rinneadh an Bord Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta (NPR) – próiseas a bhí chun tosaigh ar pholasaí oibre an Bhoird ar feag an chuid is mó den bhliain. Cé go bhfuil sonraí níos iomláine den athbhreithniú tabhartha i gcaibidil Polasaí na tuarascála seo, thug an t-athbhreithniú measúnú straitéiseach ar ionchas stáid pinsin na hÉireann, malairt múnla, chomh maith le cúlra breise agus eolas tacaíochta. Chomh maith leis na riachtanais reachtúla chun tuarascáil ar chlúdach

agus gnóthaí bainteach a thuarascáil, tugadh aitheantas don tuarascáil (Deireadh Fómhair 2005) mar ranníocóir mór leis an díospóireacht ar thodhchaí cur ar fáil pinsean in Éirinn.

2006

Táim ag tnúth le bliain thorthúil i 2006 an chéad bhliain iomlán in oifig ag an mBord seo. Ag an am atá sé seo á scríobh, táimid ag socrú próiseas nua de na cúig mbliana atá le teacht chun athchur a dhéanamh ar sin a chríochnaigh i 2005. Beidh an straitéis nua seo ina theimpléid do oibreacha agus thosaíocht an bhoird don tréimhse 2006 – 2010.

Ag tús 2006, beidh muid ag dul i mbun roinnt tascanna ar bhonn polasaí agus rialachán, a thagann ó oibreacha agus gealltanais atá ar siúl ar bhonn leanúnach. San áireamh leo seo tá:

- athbhreithniú eile den chaighdeán maoinithe mar a bhí geallta sa tuarascáil NPR agus ina dhiaidh sin iarrtha ag an Aire,
- leanúint ar an NPR agus an dearcadh, ar iarratas an Aire, córas sainorduithe cuí i gcás na hÉireann a chur ar fáil,
- athbhreithniú inmheánach an Bhoird ar theacht agus modh maoirseachta pinsean, agus
- athbhreithniú ar an scéim iontaobhais, i gcomhlíonadh gealltanais a rinneadh níos luaithe.

Táimid ag thnúth leis na tascanna seo a dhéanamh, a bheidh, i gcomhaontas le foirmiú ár straitéis 2006 – 2010, ina bhonn chloch do ghníomhaíochtaí an Bhoird mar rialaitheoir pinsin agus comhairleoir polasaí thar na cúig bliana atá le teacht.

Críoch

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil as an iarracht agus an ranníocaíocht a rinneadh i rith 2005 acu siúd a bhí bainteach bliain an rathúil a dhéanamh de don Bhord. Go mór mhór, ba mhaith liom tagairt a dhéanamh den Chathaoirleach atá ag fágáil, Michael McNulty, agus baill an Bhoird atá ag fágáil, an Príomhfheidhmeannach, Anne Maher, agus a comhghleacaithe. Mar is gnáth, táthar an bhuíoch as an ranníocaíocht ó na baill de Choistí agus do na grúpaí a thug, cé nach baill den Bhord iad, a n-am agus a saineolas.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire, Séamus Brennan, T.D. ar son a shuim leanúnach, agus an spreagadh thug sé, don Bhord go mór mhór sna príomhearnálacha polasaí. Ar deireadh, Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil le oifigí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar son a dtacaíocht leanúnach.

_____

Tiarnan O Mahoney
Cathaoirleach

Réamhrá

Ag tuairisciú faoi dhul chun cinn agus spriocanna a bhaint amach

Sé seo an ceathrú tuarascáil ar dhul chun cinn go dtí seo ar straitéis an Bhoird Pinsean don tréimhse 2002 – 2005. Tá straitéis a chlúdaíonn an tréimhse 2006 – 2010 á ullmhú faoi láthair. Leagfaidh sé seo amach príomhspriocanna agus treocht an Bhoird Pinsean thar na cúig bliana atá lea teacht.

Tá plean oibre an Bhoird Pinsean deartha chun tacú le seachadadh na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis. Tá na spriocanna annsan léirithe sna spriocanna oibre pearsanta do gach ball don fhoireann, tríd an gCóras Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha.

Ról agus Feidhm an Bhoird Pinsean

Bunaíodh an Bord Pinsean faoi Acht na bPinsean, 1990 mar chomhlacht ionadaithe, tá sé déanta suas de chathaoirleach agus sé déag ball ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tráchtann Achtanna na bPinsean ar fheidhmeanna an Bhoird mar atá leagtha amach thíos:

Is iad fheidhmeanna an Bhoird ná:

faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar oibriú Acht na bPinsean agus forbairtí i gcúrsaí pinsean i gcoitinne, gníomhaíochtaí sholáthraithe *CCSP (Cuntas Coigiltis Scoir Phearsanta)*, soláthar táirgí *CCSP* agus oibriú *CCSP* san áireamh;

(b) chun chomhairle a thabhairt don Aire ar iarratas uaidh féin, nó ar a gconlán féin, faoi gach gnó bainteach le feidhmeanna sannaithe leis an mBord faoi Achtanna na bPinsean agus ar aon ghnó bainteach le pinsean go ginearálta,

chun treoirlínte nó Nótaí Treoracha a eisiúint faoi na dualgais agus na freagrachtaí atá ar *iontaobhaithe* de scéimeanna agus Cóid Chleachtais ar ghnéithe faoi leith dá bhfreagrachtaí maidir le soláthraithe CCSP agus táirgí CCSP;

(d) chun treoirlínte nó nótaí treorach go ginearálta a eisiúint faoi oibríocha na nAchtanna Pinsin agus faoi fhorálacha Acht an Dlí Teaghlaigh, 1995, agus Acht an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996, bainteach le scéimeanna pinsean (faoi bhrí Alt 2 den Acht um Dhlí Teaghlaigh, 1995 agus Alt 2 den Acht um Dhlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996),

(e) inspreagadh a chur ar fáil chun áiseanna traenála cuí a chur ar fáil do iontaobhaigh scéimeanna,

comhairle a thabhairt don Aire i ngach ní maidir le hAcht na bPinsean agus do chaighdeáin iontaobhaigh scéimeanna agus a fheidhmiú.

(g) tuarascálacha bliantúil agus aon tuarascálacha eile a bhraithfí a bheadh riachtanach, ó am go ham, agus

(h) aon tascanna a fhéadfadh an tAire a iarraidh, ó am go ham.

Straitéisí a chur i nGníomh

I rith an tréimhse faoi athbhreithniú, bhí an Bord ag feidhmiú trí Choistí agus Páirtí Oibre, le tacaíocht ó fhoireann an Bhoird agus painéil de chomhairleoirí achtúire, cuntasóirí agus dlí faoi mar a bhí cuí. Bhí déanamh-cinneadh, go háirithe maidir le cinntí rialacháin, tarmligthe go dtí foireann an Bhoird Pinsean atá faoi láthair roinnte i chúig aonad: Seirbhísí Corparáideach; Faisnéis agus Traenáil; Imscrúdú agus Géilliúlacht; Seirbhísí Teicniúil agus Taighde, agus CCSPs. Tá comhoibriú dlúth riachtanach idir an Bord Pinsean agus an Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Ombudsman na bPinsean chun straitéis an Bhoird a chomhlíonadh go héifeachtach. Lean an Bord ag forbairt an chaidrimh seo go gníomhach i rith 2005.

AN BORD PINSEAN

Is Comhlacht reachtúil é an Bord Pinsean atá déanta suas de Chathaoirleach agus 16 gnáth bhaill, mar a bhí sé ar an 31 Nollaig 2004. Cé go cheapann an tAire gach ball, faoi fhorálacha Achtanna na bPinsean, caithfidh an Bord a bheith déanta suas d'ionadaithe ó ceardchumainn, fostóirí, cearta tomhaltóra, cearta pinsinéirí, an Rialtas, tionscail an phinsin, iontaobhaithe an scéim pinsean agus grúpaí proifisiúnta atá bainteach le socruithe pinsean.

Sé an téarma oifige do bhaill an Bhoird ná cúig bliana. Líonann an tAire Gnóthaí Sóisialacha, agus Teaghlaigh folúntais fhánacha go díreach nó líontar iad ar ainmniú ó chomhlacht ainmnithe ábhartha, mar is cuí. Fanann an duine a líonann an folúntas fánach sa phost go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana.

Is iad baill an Bhoird faoi láthair a thosaigh ar 21 Nollaig 2005 ná:

Cathaoirleach
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

William Beausang

Ionadaí an Aire Airgeadais

Kevin Brabazon

Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

Rosalind Briggs

Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn.

Rosheen Callender

Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn – ionadaí ar son leasa iontaobhaithe.

Julian Caplin
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Marie Daly

Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

John Dillane

Ainmnithe ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa tomhaltóirí.

Mary O'Donnell
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Emer O'Flanagan
Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Michael O'Halloran

Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh – ionadaí ar son leasa pinsinéirí.

Gerry Ryan

Ainmnithe ag Cumann Chistí Pinsean na hÉireann.

Dervla Tomlin

Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann.

Anne Vaughan Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Mary Wade Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn.

Fergus Whelan

Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn.

Tom Wright

Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta – Éire.

Bhí ballraíocht an Bhoird i rith na bliana lena dtagraíonn an Tuarascáil seo mar seo a leanas:

Michael McNulty (Cathaoirleach)	*Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (Cathaoirleach)*
Kevin Brabazon	*Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann – ionadaí ar son leasa iontaobhaithe.*
Brian Buggy	*Ainmnithe ag Cumann na nDlíodóirí Pinsean in Éirinn.*
John Byrne	*Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*
Rosheen Callender	*Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn– ionadaí ar son leasa iontaobhaithe*
Marie Daly	*Ainmnithe ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.*
Tom Finlay	Ainmnithe ag Cumann Chistí Pinsean na hÉireann.
Carmel Foley	*Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh –Ionadaí ar son Leasa Tomhaltóirí.*

Paul Kelly	*Ainmnithe ag Cumann na nAchtúirí in Éirinn.*
Ciarán Long	*Ainmnithe ag Cónaidhm Árachais na hÉireann.*
Niamh Maguire	*Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*
Dermot Quigley	*Ionadaí an Aire Airgeadais*
Mary O'Donnell	*Ainmnitheach an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*
Michael O'Halloran	*Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh – Ionadaí ar son Leasa Pinsinéirí*
Anne Vaughan	*Ionadaí an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh*
Fergus Whelan	*Ainmnithe ag Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn.*
Tom Wright	*Ainmnithe ag Coiste Comhairleach na gComhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn.*

Thionóil an Coiste 14 uair i 2005.

.

Coistí

I rith 2005, d'oibrigh an Bord trí chóras Coiste agus bhí mórán dá mhionobair (ar nós ullmhúchán na dtuarascálacha don Aire) déanta i dtosach ag Coiste. D'fhéadfadh go mbeadh daoine ar na coistí nach baill den Bhord iad, ach go bhfuil saineolais faoi leith acu i réimsí cuí. Freastalaíonn baill ábhartha ar gach Coiste chomh maith.

I rith na bliana a mbaineann an tuarascáil seo leis, bhí na Coistí déanta suas mar a leanas:

Airgeadas agus Iniúchadh

Kevin Brabazon (Cathaoirleach)
John Byrne
Paul Cunningham
John Fitzpatrick
Niamh Maguire
Mary O'Donnell
Tom Wright
Christina Winters (Rúnaí)

Thionóil an Coiste 3 uair i 2005.

Polasaí

Tom Finlay (Cathaoirleach)
Kevin Brabazon
Brian Buggy
Rosheen Callender
Paul Cunningham
Marie Daly
Geraldine Gleeson
Paul Kelly
Dave Keogh
Ciarán Long
Dermot Quigley
Anne Vaughan
Fergus Whelan
Martin Buggy(Rúnaí)

Thionóil an Coiste 5 uair i 2005.

Reachtaíocht

Ciarán Long (Cathaoirleach)
Phyllis Behan
Patrick Burke
Martin Conneely
Paul Cunningham
Kirstie Flynn
Geraldine Gleeson
Kevin King
Philip Shier
Dave Keogh
Tom Wright

Frank Cunneen *
Jan Fitzpatrick* (Rúnaí)

*Tháinig sé in áit Kevin King i mí na Samhna 2005

Thionóil an Coiste 12 uair i 2005.

Grúpa Athbhreithnithe Rialála

Cabhraíonn an grúpa seo leis an bPríomhfheidhmeannach i gcinntí a dhéanamh ar fheidhmeanna rialála áirithe tiomnaithe chuici ag an mBord.

Anne Maher(Cathaoirleach)
Carmel Foley
Paul Kelly
Niamh Maguire
Brendan Kennedy
Jerry Moriarty
Ian Woods
Sylvia McNeece
Carol Jordan(Rúnaí)

Thionóil an Coiste 11 uair i 2005.

Coiste Athbhreithnithe Náisiúnta Pinsean

Bunaíodh an grúpa seo chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean.

Tom Finlay (Cathaoirleach)
Kevin Brabazon
Brian Buggy
Rosheen Callender
Paul Cunningham
Marie Daly
Paul Kelly
Brendan Kennedy
Ciarán Long
John McCarthy
Michael McNulty
Anne Maher
Jerry Moriarty
Paul Morrin
Dermot Quigley
John Reilly
Anne Vaughan
Fergus Whelan
Ian Woods

Thionóil an Coiste 8 uair i 2005.

Feachtas Náisiúnta Meabhraíocht Pinsean

Déanann an grúpa sé forbhreathnú ar an bhFeachtas Náisiúnta Meabhraíochta Pinsean.

Mary Hutch (Cathaoirleach)
Kevin Brabazon
Robert Callaghan
Paul Cunningham
Aongus Horgan
Carmel Foley
Anne Maher
David Malone
Rita Morrissey
Michael O'Halloran
Fergus Whelan

Thionóil an Coiste 2 uair i 2005.

Grúpa Stiúrtha Suirbhé

Déanann an grúpa seo maoirseacht ar mhonatóireacht leanúnach ar chlúdach pinsean.

Robert Woods *(Cathaoirleach)*
Rosheen Callender
Mary Hutch
Anne Maher
Paul Morrin
Brendan Kennedy
Sheryl Richardson
Ian Woods
Gwen Conlon *(Rúnaí)*

Thionóil an Grúpa 3 uair i 2005.

Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird Pinsean 2005

Soláthraíonn an Coiste seo fóram chun foireann a tharraingt isteach i ngnóthaí tábhachta don Bhord, go háirithe ag cabhrú leis an gcur i bhfeidhm d'athrú.

Anne Maher
Brendan Kennedy
Vivienne Horkan
Deirdre Kelly
Julie Walsh
Renee O'Reilly
Nuala Clancy

Imchasann Cathaoirleacht an Choiste i measc na mball.

Thionóil an Coiste 11 uair i 2005.

FEIDHMEANNACH AN BHOIRD PINSEAN

Príomhfheidhmeannach	Anne Maher

AONAD NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tom Dunphy	(Rúnaí don Bhord) Ceannaire ar Sheirbhísí Corparáideacha
Gregory Whelan	Leas-Cheannaire ar Sheirbhísí Corparáideacha
John McCarthy	Teicneolaíocht Fhaisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus Clárú
Vivienne Horkan	Acmhainní Daonna
Gwen Conlon	Seirbhísí agus Clárú TFC
Kieran O'Dea	Airgeadas agus Seirbhísí
Brian Toner	Seirbhísí TFC
Nuala Clancy	Clárú
Christina Winters	Airgeadas
Julie McCarthy	Bailiú Táille
Marie Earley	Clárú agus Riarachán
Bronagh Croghan	Clárú agus Riarachán

AN T-AONAD IMSCRÚDUITHE AGUS GÉILLIÚLACHTA

Jerry Moriarty	Ceannaire ar Imscrúduithe agus Comhlíonadh
Gerard Clarke	Leas Cheannaire ar Imscrúduithe agus Géilliúlacht
Carol Jordan	Imscrúduithe agus Comhlíonadh
Edel Stenson	Imscrúduithe
Sherry Bass	Comhlíonadh
Martin Buggy	Comhlíonadh
Maureen Byrne	Tacaíocht
Joan Stakelum	Tacaíocht

AN t-AONAD CCSP

Philip Dalton	Ceannaire na CCSP
Mary Howe	Leas-Cheannaire ar na CCSP
Aideen Bugler	Leas-Cheannaire ar na CCSP
Mary Broderick	Riarthóir
Barry O'Connor	Tacaíocht

AN T-AONAD EOLAIS AGUS TRAENÁLA

Mary Hutch	Ceannaire ar Eolas agus Traenáil
Aongus Horgan	Leas-Cheannaire ar Eolas agus Traenáil
Ciarán Holahan	Eolas agus Traenáil
Jan Fitzpatrick	Eolas agus Traenáil
Deirdre Kelly	Fiosrúcháin
Julie Walsh	Fiosrúcháin
Emily Kealey	Fiosrúcháin
Valerie Christie	Fiosrúcháin
Kimberley Brown	Fiosrúcháin

FEACHTAS NÁISIÚNTA MEABHRAÍOCHTA PINSEAN

David Malone	Bainisteoir Tionscadail

AN T-AONAD SEIRBHÍSÍ TEICNIÚLA AGUS TAIGHDE

Yvonne White	Ceannaire ar Sheirbhísí Teicniúla agus Taighde
Sylvia McNeece	Comhairleoir Dlí
Brendan Kennedy	Comhairleoir Achtúire
Sheryl Richardson	Leas-Cheannaire ar Sheirbhísí Teicniúla agus Taighde
Renee O'Reilly	Cúntóir Pearsanta don Phríomhfheidhmeannach
Mary Conlon	Tacaíocht

Feidhmeannach an Bhoird Pinsean mar a bhí ag 1ú Bealtaine 2006

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Cúlra

Tá dhá fheidhm reachtúil ag an mBord – rialúcháin agus polasaí. Tá obair tógtha ar lámh ag an mBord ag cur forbairt agus feasacht phinsin chun cinn le trí mbliana anuas ar iarratas ón Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Bhí straitéis comhaontaithe 2002 – 2005 ag an mBord. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar seo i 2004. Chun an straitéis seo a chur i fheidhm, ghlac an Bord leis na cuspóirí ginearálta chomh maith. Roinntear na cuspóirí seo faoina gcúig cheannteideal seo a leanas:

- Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta TPPN/Acht na bPinsean (Leasú), 2002
- Rialáil
- Polasaí
- Forbairt/Eolas/Meabhraíocht Pinsean
- Gníomhach

Leagann an Bord amach tosaíochtaí bliantúla chomh maith agus is iad na tosaíochtaí do 2005 ná mar seo a leanas:

1. Tacaíocht le dlí reachtaíochta ag clúdach athraithe comhaontaithe leis an maoiniú reachtúil agus le feidhmiú na Treorach AE 2003/41/EC faoi ghníomhaíochtaí agus ar feitheoireacht institiúidí atá ag foráil ar son scoir ceirde (Treoir IORPs).

2. An tAthbhreithniú Náisiúnta Pinsean a chríochnú agus é a chur faoi bhráid an Aire chomh maith le:
    - chomh maith le athbhreithniú a dhéanamh ar feidhmiú moltaí an Tionscain Polasaí Pinsean Náisiúnta,
    - scrúdú féidearthachta faoi Chiste Blianachta Stáit a bhunú, and
    - inspreagadh/frith-inspreagadh tógáil suas chlúdach pinsean a scrúdú.

3. Le cur san áireamh i scrúdú maoirseachta:
    - riachtanais nua a éirigh ón dTreorach IORP,
    - Scóip Chlárlann an Bhoird a leathnú
    - breathnú ar mhaoirseacht infheistiú, agus
    - tabhairt isteach an próiseas measúnú riosca.

4. Ról an Iontaobhaigh a scrúdú agus moltaí cuí a dhéanamh.

5. Feachtas Náisiúnta Meabhraíochta Pinsean rathúil a eagrú do 2005

Tionscnamh Náisiúnta Polasaí Pinsean /Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Athbhreithniú agus comhaontas ar threocht pinsean in Éirinn ab ea Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta (TPPN) a tionóladh i 1996 – 1998. Tá príomhmholtaí an Tionscnaih Náisiúnta Polasaí Pinsean feidhmithe anois agus d'oibrigh an Bord i 2005 laistigh de chreatlach an TPPN.

Tá Acht na bPinsean (Leasú), 2002 go hiomlán oibríochtúil anois seachas, roinnt beag ailt nach bhfuil tosaithe go foirmiúil nó nach bhfuil na rialacháin tabhartha isteach fós. Rinneadh athbhreithniú ar na hAilt nach bhfuil tosaithe fós i rith 2005 agus leanfar ag déanamh athbhreithniú orthu ar bhonn rialta.

Lean an Tionscnamh Náisiúnta Polasaí Pinsean dírithe ar chlúdach pinsean a mhéadú. Ag éirí uaidh seo déanann an Bord monatóireacht ar chlúdach pinsean agus sa comhthéacs seo tá glactha aige le clár leanúnach suirbhé pinsean ag obair leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Baineann an modúl is déanaí a foilsíodh den suirbhé seo leis an chéad Ráithe de 2005. Rinneadh modúl níos leithne i Ráithe IV de 2005 agus tá a thorthaí seo le foilsiú i lár 2006.

Rialáil

Lean comhlíonadh réamhghníomhach ar scéimeanna pinsean gairme roghnaithe i rith 2005 chomh maith le monatóireacht ar cleachtóirí pinsean. Bhí sé ionchúiseamh dá bharr seo i rith na bliana. Bhí torthaí an mhonatóireacht comhlíonadh seo sásúil go ginearálta ach leanann an Bord bheith imníoch faoi chaighdeán stiúrthóireachta pinsean agus de réir a dtaithí go mbíonn sé seo éagsúil go maith idir cleachtóirí ag tabhairt seirbhísí.

Lean maoiniú an scéim pinsean sainithe bheith ina eiseach i rith 2005. Páirt mór de obair na bliana ab ea monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na scéimeanna seo leis an gCaighdeán maoinithe. Sa Comhthéacs seo, scrúdaigh an Bord iarratais do sonrú dátaí leathnaithe chun teacht ar ais go dtí comhlíonadh iomlán leis an gcaighdeán maoinithe ó roinnt iontaobhaigh agus rinneadar scrúdú ar chásanna nach raibh tréimhsí fadú a bhí comhaontaithe roimhe seo suas chun dáta níos mó. Bhí an Bord ábalta fadú a thabhairt i beagnach gach cás, i gcuid de na cásanna, tharlaigh sé seo tar éis an cás a phlé leis na hiontaobhaithe ábhartha. Tháinig feabhas maith ar na scéimeanna leasa sainithe i rith na bliana agus bhí an Bord sásta nóta a dhéanamh de sin ag deireadh 2005 tháinig laghdú go dtí 32% den iomlán ar an méid scéimeanna gníomhach pinsean nár bhain amach an caighdeán maoinithe. Tá súil ag leath den 32% seo bheith ar ais go dtí maoiniú iomlán laistigh de 3½ bliain.

Lean an Bord, bheith geallta le héascú ar scéimeanna pinsean sainmhínithe a choimeád géillsineach do chosaint fónta do bhaill na scéime. Tá an Bord dá réir sin sásta a thabhairt faoi ndeara go bhfuil mórán scéimeanna leasa sainithe oscailte do iontrálaithe nua fós agus go bhfuil an uimhir iomlán a dúnadh an bheag. Tá an chabhair tabhartha ag an aischur don stáid i rith 2005 dearfach ach tá fritháireamh déanta ar seo ag an dtitim i rátaí úis rud a chuir le breis dliteanais.

Ba é 2005 an dara bliain iomlán maoirseachta gníomhach CCSP. Go ginearálta, bhí soláthraí CCSP géilliúlacht go maith le riachtanais maoirseachta agus tá réimse maith soláthraithe CCSP ar fáil do thomhaltóirí. Sé an príomhearnáil imní maidir le maoirseacht CCSP ná an riachtanas do fhostóirí rochtain sainordaitheach a thabhairt chun CCSP. Rinneadh an Bord roinnt monatóireacht dírithe ar fhostóirí áirithe agus rinneadar cleachtadh sainithe chomh maithe inar ndearnadar teagmháil le fostóirí nach raibh sé dealraitheach go raibh scéim pinsean gairme cláraithe acu nó nach raibh soláthraí sainithe CCSP acu dá fhostaí. Tá monatóireacht dá dhéanamh anois chomh maith ag cigirí Leasa Shóisialaigh atá go gníomhach ag scrúdú an riachtanas rochtain mar pháirt dá scrúdú ar fhostóirí. In ainneoin na hoibre seo go léir, taispeánann torthaí ráithiúil CCSP uimhir substaintiúil fostóirí nach bhfuil fós géillsineach do riachtanais sainorduithe rochtain. Thionscnaimh an Bord ionchúisimh san earnáil seo i rith 2005 agus tugadh cheithre chúis go rathúil le roinnt eile ag feitheamh.

Rinneadh an Bord ceangal le údaráis maoirseachta ábhartha eile i rith 2005. Go háirithe, bhí teagmháil rialta ag an mBord leis an Rialtóir Airgeadais, na Cigirí Cánach agus le Ombudsman an Phinsin.

Ar deireadh, thosaigh an Bord athbhreithniú ar an tslí a dhéanann siad a ndualgais maoirseachta pinsean. Tá an t-athbhreithniú seo dírithe ar a chinntiú go bhfuil an Bord ag déanamh maoirseachta chomh héifeacht agus is féidir agus ag baint na húsáide is fearr as a gcuid acmhainní. Beidh an t-athbhreithniú críochnaithe sa chéad leath de 2006.

Polasaí

Bhí ceannas ag clár pholasaí an Bhoird i 2005 ag an athbhreithniú Náisiúnta Pinsean. Tá sé riachtanach de réir Acht na bPinsean tuarascáil dul chun cinn faoi phinsin a chríochnú roimh Meán Fómhair 2006. Scríobh an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh go dtí an Bord Pinsean go luath i 2005 ag rá nár fheaca sé aon phointe bheith ag cur moille ar an dtuarascáil go dtí 2006 agus d'iarr sé orthu é a chríochnú gan moill. D'ullmhaigh an Bord an tuarascáil dul chun cinn i mí Meithimh 2005 agus chuireadar an tuarascáil iomlán faoina bhráid go luath i mí na Samhna. Rinneadh an tuarascáil athbhreithnithe comhaontas le spriocanna pinsean, athbhreithniú ar fhóntacht an chlúdaigh atá ann faoi láthair agus meastachán ar roghanna chun pinsean an Stáit a choimeád suas agus spriocanna pinsean forlíonta a chomhlíonadh. Seoladh an tuarascáil go Poiblí i mí Eanáir 2006. Cé go bhfuil an Rialtas fós ag dearcadh ar an Athbhreithniú Náisiúnta Pinsean (NPR), tugadh isteach inspreagadh nua dírithe ar daoine le tuilleamh íseal chun feabhas a chur ar a stádas pinsean san Acht Airgeadais 2006 faoi cheann de na moltaí faoin Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta.

Rinneadh an Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 roinnt athraithe in Achtanna na bPinsean. Ceann de na príomhathraithe ba ea an treorach IORP faoi oibreacha agus maoirseacht institiúidí ag cur scoir gairme ar fáil agus chun leasú a dhéanamh ar chaighdeán maoinithe na scéimeanna leasa sainithe.

Bunaíodh an treorach IORP chun maoirseacht stuama a dhéanamh ar scéimeanna pinsean agus bíonn sé riachtanach dá réir cloí le íoschaighdeán maidir le rialú na scéime, infheistíocht, agus eolas maidir leis an scéim a chur ar fáil do bhaill na scéime. Bunaíonn sé chomh maith meicníocht chun a cheadú do scéimeanna pinsean a gcuid seirbhísí a chur ar fáil i mbaill stáit eile san AE seachas an stát ina

bhfuil siad bunaithe, géillsineach do choinníollacha áirithe. Bhí roinnt cinntí polasaí riachtanach chun an Treorach IORP a chur i fheidhm. Glacadh leis an bprionsabal leathan, sé sin páirteanna riachtanach an Treorach IORP a fheidhmiú agus gan aon dualgais maoirseachta faoi shocruithe pinsean na hÉireann níos mó ná riachtanais an Treorach IORP a chur leo. Bhí an reachtaíocht agus creatlach riachtanach in áit ag Éire chun an Treorach IORP a fheidhmiú faoi Mheán Fómhair 2005.

Is ball é an Bord de Choiste Árachais agus Maoir Pinsean Ghairme na hEorpa (CEIOPS) i measc a théarmaí tagartha tá comhoibriú níos dlúth idir maoir pinsean. Mar pháirt den obair seo, rinneadh an coiste cinneadh glacadh le creatlach ina n-oibríonn maoir agus rialaitheoirí pinsean le cheile ag déanamh maoirseacht ar ghníomhaíocht pinsean trasteorainn agus go ndéanfaí é seo trí Phrótacal idir maoir. Bhí ról gníomhach ag an mBord i fhorbairt an Phrótacal seo a dhréachtú go luath i 2006.

Tá an t-eiseadh de scéimeanna trasteorainn réadúil in Éirinn theanna féin de bhrí go measann Coimisiún an AE go bhfuil cuid de na scéimeanna pinsean idir Eire/Ra atá ann faoi láthair laistigh de mhíniú an treorach de bheith “trasteorann”. Tá an Bord ag obair ar an eisiúint seo.

Rinneadh an Bord ranníocaíocht le athbhreithnithe éagsúla de eisiúintí pinsean a rinneadh i rith na bliana, ballraíocht i bpáirtithe oibre bunaithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun féachaint ar srianadh san earnáil iasachta agus infheistíochta i scéimeanna pinsean. Rinneadh an Bord ranníocaíocht le Athbhreithniú ar Scéimeanna Cánacha bhí déanta ag an Roinn Airgeadais.

Forbairt / Eolas / Meabhraíocht Pinsean

Rinneadh leasú agus nuashonrú ar roinnt de fhoilseacháin an Bhoird i rith 2005. Chríochnaigh an Bord athbhreithniú ollmhór ar a shuíomh idirlín agus tá sé sásta go bhfuil méadú suntasach tagtha ar úsáid an tsuímh idirlín mar thoradh dh.

Leanann an clúdach ar phinsin sna meáin ag méadú agus cuireann an Bord fáilte roimhe seo. Tá an Bord an-shásta leis an raon leathan ceisteanna pinsean atá clúdaithe agus an díospóireacht phoiblí ghníomhach atá ar siúl maidir leo seo.

D’iarr an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an mBord leanúint leis an bhFeachtas Náisiúnta Meabhraíochta Pinsean i rith 2005. Chuir an rialtas cistí ar fáil don aidhm seo agus léiríonn athbhreithnithe dul chun cinn méadú suntasach i meabhraíocht pinsean. Dhírigh an feachtas 2005 ar réimsí de chlúdach pinsean íseal agus bhí an Bord an-shásta leis an rannpháirtíocht ghníomhach de soláthraithe pinsean sna gníomhaíochtaí chun meabhraíocht pinsean a mhéadú. Go háirithe, tá an cuma air go raibh Seachtain Gníomhaíochta Náisiúnta Pinsean i mBealtaine 2005 an-rathúil ag gineadh meabhraíochta.

Gníomhach

Tá cairt chustaiméara an Bhoird ag feidhmiú go sásúil agus déantar athbhreithniú ar seo ar bhonn rialta. Tá sé seo i líne le tiomantas an Bhoird chun seirbhís d’ard cháil a fhoráil dá chustaiméirí.

Tá an Bord géilliúil go hiomlán leis an gCód Cleachtaidh do Rialú Comhlachtaí an Stáit, tá sé sásta go bhfuil an fheidhm Iniúchta Inmheánach ar cuireadh i bhfeidhm í de thoradh an Chóid seo ag feidhmiú go maith. Cé gur aithnigh an fheidhm Iniúchta Inmheánach roinnt feabhsúcháin atá indéanta, níor aithnigh sé lear mór ar bith ó thaobh oibríocht an Bhoird de.

Bhí an Bord sásta chomh maith gur bhain sé a ngealltanas faoin bplean nuálaíochta ar tugadh isteach é sa chomhthéacs leis a gcomhaontas "Dul Chun Cinn a Choinneáil" agus go raibh an dul chun cinn maidir leis seo formheasta ag Rúnaí Ginearálta na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

D'fheidhmigh gníomhaíochtaí tacaíochta an Bhoird go maith i rith 2005, rud a éascaíonn leis chun a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích.

Conclúid

Ceisteanna cásaithe ach go háirithe i 2005 ab iad na deacrachtaí leanúnacha ó thaobh maoiniú de i gcóir scéimeanna sochair sainmhínithe agus an easpa dul chun cinn arae méaduithe i gclúdach agus acmhainneacht phinsin. Ar an taobh dearfach, tá feasacht méadaithe ó thaobh pinsean de ag gach leibhéal agus forálann an t-Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta ar chríochnaíodh é i rith na bliana ionchur maith arae tuilleadh cainteanna polasaithe um fhoráil pinsean.

Beidh críochnú agus cur i bhfeidhm an athbhreithnithe feitheoireachta pinsean agus obair leantach don Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta mar na príomhthosaíochtaí don Bhord i 2006. Áireoidh an obair leantach tuairisc um chóras pinsean éigeantach dá mbeadh oiriúnach d'Éire, mar a d'achainigh an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. D'aontaigh an Bord athbhreithniú eile ar an gcaighdeán maoinithe do scéimeanna sochair pinsean sainmhínithe.

Tá tuairiscí mionsonraithe faoi obair an Bhoird i 2005 agus atá faoi bhun gach teidil um chuspóirí ginearálta an Bhoird cuimsithe sna caibidil seo a leanas de chuid an tuarascáil seo.

Anne Maher
Príomhfheidhmeannach

Caibideal

Tionscnamh Polasaí Pinsean Náisiúnta (TPPN)/Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Achoimre ar na Cuspóirí Ginearálta

D'fhonn

- cur i bhfeidhm Acht na bPinsean (Leasú), 2002 agus reachtaíocht eile atá bainteach ionas go gcuirfí moltaí an TPPN i bhfeidhm chomh luath agus ab fhéidir,

- cinntiú a dhéanamh go ndéantar suirbhéanna clúdaigh ar bhonn leanúnach ionas go bhforáladh tagarmharc don réim nua pinsean agus chun dul chun cinn arae clúdach a ghrinniú, agus

ullmhúcháin a thacú arae ábhar go leor Rialacháin agus nótaí treoracha.

Grianghraf le bheith ionsáite anseo

Seachtain Ghnímh um Phinsin Náisiúnta i mBealtaine a dhíríonn ar daoine óga.

TPPN/Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Gníomhaíocht ag baint le Cuspóir Ginearálta

Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Mar a treoraíodh sna trí tuarascálacha deireanacha bliantúla, rinneadh roinnt Orduithe agus Rialacháin Túis ionas go gcuirfí éifeacht le forálacha an Achta seo. Seachas roinnt bheag ailt nach bhfuil fós cuí le tosú, tá an tAcht ag feidhmiú go hiomlán anois.

I 2005, ba é an t-Ordú Túis amháin a rinneadh maidir le Acht na bPinsean (Leasú) 2002 an ceann ar d'fhoráil é do thús Alt 42 d'Acht na bPinsean (Leasú), 2002.

Feidhmiú Neamh-Reachtúil TPPN

CCSP

D'fhormheas an Bord i gcomhpháirt le dhá tháirge nua i rith 2005, ceann a bhí Caighdeánach agus ceann a bhí neamh-Chaighdeánach, de thoradh seo ba é líon iomlán na dtáirgí formheasta ar an margadh ag deireadh na bliana na 58 (24 Caighdeánach agus 34 neamh-Chaighdeánach). Tá sonraí oibre an CCSP tugtha sa chaibidil dar teideal "Rialáil".

SUIRBHÉANNA CLÚDAIGH

Ba é príomhghné na réime phinsin ar tugadh isteach é faoi Acht na bPinsean (Leasú), 2002 ná déanamh tomhais ar dul chun cinn i dtreo baint amach na spriocanna clúdaigh, an sprioc clúdaigh ach go háirithe do chlúdach faoi phinsin príobháideacha den dara cholún (cé acu scéim bunaithe nó pearsanta atá siad) maidir le 70% den daonra oibrithe thar 30.

D'aontaigh an Bord faoi chlár grinnithe clúdaigh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a mbaineann áireamh comhábhar gaolta le pinsean ina Shuirbhé Náisiúnta Teaghlaigh (QNHS) Rathúil don tréimhse 2002 – 2006.

I rith 2005, reáchtáladh na suirbhéanna QHNS seo a leanas:

(i) (i) suirbhé teoranta i Ráithe I, 2005, agus
(ii) (ii) suirbhé iomlán i Ráithe IV, 2005.

Reáchtáladh an suirbhé teoranta deireanach seo chun an clár seo a chríochtnú i Ráithe I, 2006.

Thaispeáin torthaí an tsuirbhé 2005 do Ráithe I, arna fhoilsiú i Mí Eanáir 2006, go raibh an clúdach foriomlána, trí phinsin pearsanta agus gairme, dóibh siúd thar 30 (an grúpa dá ndéanann an sprioc TPPN deiridh de 70% tagairt dó) 58.6% (i

gcomparáid le 59.1% i Ráithe I 2004); agus gurb é 51.5% ó thaobh gach duine i bhfostaíocht de (i gcomparáid le 52.4% i Ráithe I, 2004).

I rith 2006, reáchtálfar cruinnithe leis an CSO chun measúnú a dhéanamh ar chlár nua um mhaoirsiú clúdaigh agus tuilleadh ceisteanna um shonraí ar aithníodh iad san Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta.

Reachtaíocht ar tugadh isteach í le linn 2005

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN, 2005

Reachtaíodh an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 ar 14 Márta 2005, ach níor cuireadh Cuid 3, a phléann le leasuithe do Achtanna na bPinsean i bhfeidhm go dtí 23 Meán Fómhair 2005. Ba é príomhaidhm na Coda seo ná an bunreachtaíocht árbh riachtanach é chun Treoir AE 2003/41/CE a chur i bhfeidhm faoi ghníomhaíochtaí agus maoirsiú na n-institiúidí d'fhoráil scoir ceirde (Treoir IORP) agus d'fhonn leasuithe a dhéanamh don chaighdeán maoinithe arae scéimeanna sochair sainmhínithe. Bunaíonn an Treoir IORP creathlach don mhaoirsiú críonna ar scéimeanna pinsean agus teastaíonn uaidh go ngéillíonn Baill Stáit an AE leis na buncaighdeáin maidir le rialú scéime, infheistíocht, agus soláthair eolais do bhaill na scéime. Bunaíonn sé meicníochtaí chun scéimeanna pinsean a cheadú dá gcuid seirbhísí a thairiscint i mBaill Stáit an EU, seachas an stát inar bunaíodh iad, faoi réir coinníollacha áirithe. Ba iad na príomhfhorálacha den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean,2005 ar tugadh isteach é chun éifeacht a thabhairt don Treoir IORP mar seo a leanas:-

- Alt 33 – foráil a thugann an cumhacht don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun Rialacháin a thabhairt isteach a rialaíonn infheistíocht scéimeanna.

- Alt 34 – foráil a chuireann bac ar dhaoine áirithe gníomhú mar iontaobhaithe scéimeanna pinsean. San áireamh leo ná clisiúnaigh neamhfhuascailte, iad siúd ar cúisíodh iad de choir a bhaineann le calaois nó caimiléireacht agus iad siúd ar dícháilíodh iad ó ghníomhú a dhéanamh mar stiúraitheoirí comhlachta.

- Alt 35 – foráil a thugann cumhacht don Bhord iarratas a dhéanamh don Ard-Chúirt i gcóir órdú a gcuirfeadh bac ar shaor-dhiúscairt sócmhainní de chuid institiúide i gcóir foráil scoir ceirde i ndiaidh achainí d'fháil ón údarás inniúil de chuid an Bhaill Stáit ina bhfuil an institiúid cláraithe nó údaraithe.

- Alt 36 – foráil a chuireann bac ar scéimeanna pinsean airgeadh a fháil ar iasacht nó gníomhú a dhéanamh mar gheallúnaí. Chumasaigh an t-alt seo don Aire Rialacháin a dhéanamh ag ceadú do scéimeanna iasachtaí a fháil de réir imthoscaí áirithe, ach faoi réir coinníollacha téachta.

- Alt 37 – ag tugadh isteach Cuid XII as an nua ar Achtanna na bPinsean d'fhonn cead a thabhairt do scéimeanna pinsean dul i mbun gníomhaíochta trasteorainne. Teastaíonn ón Treoir IORP go mbíonn scéimeanna atá cláraithe nó bunaithe i mBall Stáit amháin i dteideal dul i mbun gnó agus ranníocaíochtaí a ghlacadh ó fhostóirí atá lonnaithe i mBaill Stáit eile maidir lena gcuid fostaithe.

Tá sé riachtanach de réir Cuid XII go ndéanann scéimeanna pinsean in Éirinn iarratas don Bhord Pinsean arae údarú sula nglacann siad ranníocaíochtaí trasteorainne ar bith.

Leagann Cuid XII amach oibleagáidí an Bhoird maidir le scéimeanna atá bunaithe i mBaill Stáit eile a bhfuil Baill Éireannacha acu, agus tugann sé cumhachtaí breise feidhmithe don Bhord.

Thug an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2005 athruithe isteach don chaighdeán maoinithe de bhun athbhreithniú ar an méid céanna, ar rinneadh é i 2004, agus géilleadh a dhéanamh de réir an Treoir IORP. San áireamh leis na hathruithe bhí leasú do:

- Alt 41 de Achtanna na bPinsean ionas go n-ullmhaíonn scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe dá n-íocann pinsean ó shócmhainní na scéime (seachas a bheith ag ceannach anáide ó chomhlacht árachais) teastas maoinithe achtúire agus go ndéanann sé géilleadh roimh an gcaighdeán maoinithe.

- Alt 49 de Achtanna na bPinsean ag foráil boinn breise ar féidir an Bord tréimhse níos mó ná 3 bliana a thabhairt do scéim chun lán maoiniú a aiseag agus laghdú den tréimhse uasta idir theastas maoinithe achtúire ó 3½ bliana go 3 bliana chun géilleadh a dhéanamh roimh an Treoir IORP.

Bhí leasuithe ilghnéitheacha tábhachtacha eile do na hAchtanna Pinsean ina n-áirítear:

- tabhairt isteach de Alt 59G nua, chun toil na n-iontaobhaithe a fháil um scéim sochair sainmhínithe do scoir luath ar bith nár shásaigh an scéim an caighdeán maoinithe ag am an scoir luath a bhí molta agus

- méadú sa mhéad is féidir a bheith aistrithe ó scéim go Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta, gan aon gá do theastas um chomparáid sochair agus ráiteas scríofa ar na cúiseanna, go €10,000.

Reachtaíocht Eile

Athruithe i nDlí Teaghlaigh

Lean an Bord le hábhair forbartha a choinneáil faoi athbhreithniú sa chaoi seo maidir le pinsean, ina n-áirítear Bille um Dlí Teaghlaigh a bhfuil faoi mheas sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Is é aidhm an Bhille seo ná soiléiriú a fhoráil ar léirmhíniú forálacha áirithe den Acht um Dhlí Teaghlaigh, 1995 agus an tAcht um Dhlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 ("na hAchtanna um Dhlí Teaghlaigh"). Tuigtear go gcuirfidh an tAcht éifeacht d'fhianaise thionscadal ar tugadh faoi níos luaithe ag an mBord don Roinn ar bhonn gníomhaireachta, d'fhonn cumasú a dhéanamh ó thaobh coigeartú pinsean i gcomhthéacs comhaontais scartha.

ATHRUITHE OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA

Tá treoir faoi na forálacha pinsean den reachtaíocht um Obair Páirtaimseartha á fhoráil faoi láthair i riocht Ceisteanna atá Curtha go Minic (FAQs) dá bhfoilsítear iad

ar suíomh idirlín an Bhoird. Aontaíodh, don fhreacnairc, nach bhfuil Rialúcháin don reachtaíocht seo riachtanach agus tá sé seo á choimeád faoi athbhreithniú i gcónaí.

IONTAOBHAÍOCHT BAILL (ATHBHREITHNIÚ)

Thug an Bord cuireadh do roinnt eagraíochtaí a gcuid tuairimí a sheoladh isteach um oibriú forálacha na mball iontaobhaithe, le tagairt faoi leith do ghnéithe áirithe na Rialachán agus do na nótaí treorach eisithe ag an mBord um chur i bhfeidhm an reachtaíochta seo. Tá na haighneachtaí faighte faoin gceist seo faoi scrúdú ag an mBord. Pléifidh athbhreithniú foriomlán ar an iontaobhaíocht, a gcríochnófar é le linn 2006, leis na prionsabail atá taobh thiar de bhallraíocht iontaobhaíochta.

Tá tábla de roinnt Orduithe/Rialacháin Túis ábhartha ar rinneadh iad le linn 2005 ar fáil ag Aguisín III.

Conclúid maidir le Cuspóir Ginearálta

Tá na príomhmholtaí TPPN dírithe ar ullmhú Rialacháin agus nótaí treorach agus maoirsiú leanúnach ar clúdach pinsean. Bhí an staid arae clúdach pinsean maoisithe go gníomhach i gcónaí le linn 2005, mar atá leagtha amach thuas. Maidir le forbairtí reachtaíochta i rith 2005, bhí Éire ceann de na tíortha ab thúisce chun Treoir IORP a chur i gcrích i 2005. Spreagann cur i bhfeidhm luath do scéimeanna lonnú a dhéanamh in Éirinn agus/ nó a bheith formheasta chun ranníocaíochtaí a ghlacadh ó dhaoine thar sáile isteach ina scéimeanna pinsean.

Caibideal

Rialáil

Achoimre na gCuspóirí Ginearálta

Leanúint, feabhsú agus más riachtanach é modhanna a thabhairt isteach chun géilleadh a bhaint amach le riachtanais rialála.

Grianghraf le bheith ionsáite anseo

Tugann Nikki Hayes DJ de chuid 2FM agus Emma Caulfield AA Roadwatch an "ACTION PUNCH" agus iad ag fógairt na Seachtaine Gnímh um Phinsin Náisiúnta 2005.

Rialáil

Réamhrá

D'oibrigh an Bord a ról rialála i gcónaí le linn 2005 de réir prionsabail áirithe. Is iad na príomhphrionsabail ná:

Simplíocht: Ba chóir gach Rialachán luach a chur ó thaobh cosaint baill de. Ba chóir dó aird a thabhairt do nádúr deonach na scéimeanna pinsean agus do riachtanas i gcóir córas Rialacháin nach gcuireann bac de shaghas ar bith ó thaobh leanúint le foráil pinsean atá ann, nó bunú d'fhoráil pinsean nua.

Trédhearcacht: Tá béim láidir ag an mBord arae nochtadh eolais. Tá sé seo déanta d'fhonn daoine aonaracha, a gcuid ceardchumainn agus comhairleoirí eile a chumasú chun folláine a gcuid socruithe pinsean féin a mhaoirsiú. Tá an príomhfhreagracht maidir le hiompar maith na scéimeanna pinsean gairme dílsithe do na hiontaobhaithe.

Comhréireacht: Is é ár bpolasaí chun géilleadh a dhaingniú le riachtanais rialála gan gá le sireadh roimh gníomh dlíthiúil, ach tá a leithéad de ghníomh tógtha más riachtanach. Is bun-chinntitheach anseo leas na mball scéime.

Cnuaisciúin, Éifeachtach agus Cothrom na Féinne: Reiceann na prionsabail ginearálta de chnuaisciúin, Éifeachtach agus cothrom na féinne gach gníomh dár gcuid.

Gníomhaíocht ag baint le Cuspóir Ginearálta

Caidreamh le Rialtóirí eile

Sa chomhthéacs, inter alia, den Pháipéar Bán Rialtais "Rialáil Níos Fearr", aithníonn an Bord an tábhacht de chur chuige ar rialú atá comhordaithe le hiad de rialtóirí eile i réimsí ábhartha. Tá sé mar rún aige comhordú mar sin a ghlacadh, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon, ar an bhféidearthacht is mó.

Bhuail an Bord leis an Rialaitheoir Airgeadúil agus roinnt Rialaitheoirí Stáit eile i rith 2005 chun plé a dhéanamh le polasaí rialála ginearálta chomh maith le cúrsaí áirithe. Ag an leibhéal idirnáisiúnta, lean an Bord le rannpháirtíocht ar Choiste Geafair Árachais Eorpaigh agus Pinsean Gairme (CEIOPS) ina n-áirítear a Mheitheal Oibre ar Phinsin Ghairme agus an foghrúpa Comhghnáis. (Tá tuilleadh eolais foráilte faoi "Tacaíocht d'ionchuir Éireannach i gCuideachtaí Seachtracha" sa chaibideal "Forbairt Pinsean/Feasacht Eolais".)

Scéimeanna Pinsean Gairme

GÉILLEADH LE RIACHTANAIS RIALÁLA

Is iad na príomhmhíreanna de na gníomhaíochtaí seo, faoina bhfuil mion-eolais á chur ar fáil thíos, ná:

- Clárú na scéimeanna
- Iompar imscrúdaithe;
- Monatóireacht ar chaighdeán maoinithe;
- Monatóireacht ar ghéilliúlacht le nochtadh.

San áireamh leis an raon gléasanna atá ar fáil don Bhord ó thaobh a acmhainn mar rialaitheoir scéimeanna gairme ná oiriúnacht chun iniúchadh a dhéanamh, mar atá cuí, scéimeanna pinsean gairme. Rinneadh iniúchadh ar 341 scéim, a léiríonn méadú de 51% ó 2004. Díríonn na hiniúchtaí ar scéimeanna de mhéid áirithe chun roghnú de chomhréir baill níos airde a chinntiú ná scéimeanna. Leagtar béim ar chleachtóirí indibhidiúla a réitíonn mórán den cháipéis ar rinneadh iniúchadh air. Tá cúrsaí ginearálta seolta go díreach leis na cleachtóirí ansin.

Tá athbhreithniú ar bun faoin gcaoi a chuireann an Bord a fheidhm rialála i gcrích maidir le scéimeanna gairme agus beidh sé curtha i gcrích i 2006.

CLÁRÚ SCÉIMEANNA

Tugann na táblaí a leanas 1 go 5 eolas ón gclárlann ar an uimhir, saghas agus leibhéal ballraíocht gníomhaíocht scéimeanna in Éirinn mar atá cláraithe leis an mBord Pinsean. Ba chóir aird a bheith tógtha nach bhfuil na figiúirí i dTábla 1 comardaithe le suim Táblaí 2 agus 3 ós rud é go n-áiríonn Tábla 1 scéimeanna atá bunaithe sa RA ach le ball a chónaíonn in Éirinn agus léiríonn Tábla 1 scéimeann atá bunaithe in Éirinn amháin nó iad siúd le baill gníomhacha.

Tábla 1 Scéimeanna Reatha - Sochair Sainmhínithe				
	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004
Neamh-Ghrúpa	36	62	36	62
1 – 50	889	948	14,584	15,796
51 – 99	183	202	13,178	14,310
100 – 500	267	263	62,402	59,558
501 – 1000	48	52	34,710	36,674
1001 +	55	56	374,975	374,233
Iomlán:	**1,478**	**1,583**	**499,885**	**500,633**

Nótaí

1) *Tá Tábla 1 gan scéimeanna RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*
2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh.*
3) *Ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim ina d'fhéadfadh ball amháin a bheith inti de réir a bhunú.*

Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Reatha agus Baill Gníomhacha

Tábla 2 Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Faoi Réir an Chaighdeáin Maoinithe				
	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004
Neamh-Ghrúpa	17	44	17	44
1 – 50	797	854	13,209	14,331
51 – 99	171	187	12,360	13,316
100 – 500	241	239	56,317	54,236
501 – 1000	44	47	32,021	33,339
1001 +	35	37	125,203	126,740
Iomlán:	**1,305**	**1,408**	**239,127**	**242,006**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*
2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh.*
3) *Ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim ina d'fhéadfadh ball amháin a bheith inti de réir a bhunú.*

Tábla 3 Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Gan a Chur San Áireamh ón gCaighdeán Maoinithe				
	Líon na Scéimeanna		**Líon na mBall**	
Saghas Scéime	**31 Nollaig 2005**	**31 Nollaig 2004**	**31 Nollaig 2005**	**31 Nollaig 2004**
Neamh-Ghrúpa	3	3	3	3
1 – 50	30	29	627	619
51 – 99	9	11	641	757
100 – 500	20	19	4,543	4,151
501 – 1000	3	4	2,138	2,784
1001 +	20	19	249,772	247,493
Iomlán:	**85**	**85**	**257,724**	**255,807**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*
2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh.*
3) *Ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim ina d'fhéadfadh ball amháin a bheith inti de réir a bhunú.*

Tábla 4 Scéimeanna Reatha - Ranníocaíocht Shainmhínithe				
	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004
Neamh-Ghrúpa	62,786	67,810	62,786	67,810
1 – 50	19,578	18,221	85,232	80,247
51 – 99	295	280	20,669	19,275
100 – 500	156	148	29,516	25,992
501 – 1000	14	17	9,834	11,405
1001 +	12	10	26,777	21,043
Iomlán:	**82,841**	**86,486**	**234,814**	**225,772**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*
2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh.*
3) *Ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim ina d'fhéadfadh ball amháin a bheith inti de réir a bhunú.*

Tábla 5 Scéimeanna Reatha - Sochair Sainmhínithe agus Ranníocaíocht Shainmhínithe				
	Líon na Scéimeanna		Líon na mBall	
Saghas Scéime	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004	31 Nollaig 2005	31 Nollaig 2004
Neamh-Ghrúpa	62,822	67,872	62,822	67,872
1 – 50	20,467	19,169	99,816	96,043
51 – 99	478	482	33,847	33,585
100 – 500	423	411	91,918	85,550
501 – 1000	62	69	44,544	48,079
1001 +	67	66	401,752	395,276
Iomlán:	**84,319**	**88,069**	**734,699**	**726,405**

Nótaí

1) *Gan RDB Amháin agus scéimeanna Sochar Báis Amháin a chur san áireamh*
2) *Gan scéimeanna Calctha agus scéimeanna i bhfoirceannadh a chur san áireamh.*
3) *Ciallaíonn 'Neamh-Ghrúpa' scéim ina d'fhéadfadh ball amháin a bheith inti de réir a bhunú.*

Scéimeanna Ranníocacha Sainmhínithe Reatha agus Baill Gníomhacha





Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Reatha agus Baill Gníomhacha





Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Reatha agus Scéimeanna Ranníocaíochta Sainmhínithe & Baill





Cóimheas de Shochair Sainmhínithe go Baill Scéime Ranníocaíochta Sainmhínithe 2005



Anailís ar Chlárlann an Bhoird

ARCHEANA

Léiríonn clár an Bhoird um scéimeanna pinsean gairme an t-eolas a fhoráiltear don Bhord ag scéimeanna go díreach nó, mar is gnách, ag cleachtóirí gairmiúla a ghníomhaíonn thar a cheann. Tá bliain amháin formheasta do Scéimeanna chun éifeacht a thabhairt do chlárú agus leasuithe ar bith d'fhonn Alt 60 de na hAchtanna Pinsean. Ba chóir na fachtóirí seo a chuimhneamh nuair atá sonraí cláraithe á léamh ina n-áirítear measúnú treochtaí agus tarraingt conclúide. Léiríonn na sleachta ó chlár scéimeanna pinsean gairme an Bhoird, mar a léiríodh i dTábla 1 go 6, roghbhlúirí den chlár mar a bhí ag deireadh 2005 agus 2004 faoi seach.

CLEACHTADH CÁILÍOCHTA SONRAÍ

Déanann an Bord maoirsiú i gcónaí ar cruinneas na sonraí ó thaobh clár na scéimeanna de. San áireamh le torthaí an phróisis leanúnach seo ná tuilleadh coigeartaithe don chlár, an laghdú i líon na scéimeanna neamh-ghrúpa ach go háirithe. Rinneadh coigeartú ar phróiseas bailiúcháin táillí do scéimeanna neamh-ghrúpa le linn 2005 chun cúnamh a thabhairt do chleachtóirí agus don Bhord arae scéimeanna a aithint nach bhfuil reathach níos mó. De thoradh seo baineadh 15,000 scéim gníomhacha ón gclár.

SCÉIMEANNA SOCHAIR SAINMHÍNITHE

Lean líon na scéimeanna sochair sainmhínithe ag laghdú le linn 2005 de réir cláir an Bhoird i 2005. Taispeánann Tábla 1 gearradh siar ghlain de 105 scéim agus laghdú glan de 748 arae ballraíocht ghníomhach. Léiríonn an gearradh siar ghlain de 105 scéim ábhar 26 scéim sochair sainmhínithe nua ar cláraíodh iad le linn 2005, le fógra tugtha go raibh foirceannadh déanta ar 131 nó go raibh siad calctha (scéim a thugann sochair amháin do bhaill ar cuireadh deireadh lena gcuid seirbhíse, nó scéim nach bhfuil teideal ag na mball sochair pinsean nua a charnadh de thoradh seirbhís leanúnach, agus nach ligtear daoine nua ballraíocht a fháil) nó leasaithe ar dóigh eile.

Tugann Tábla 2 agus 3 briseadh síos ar na scéimeanna sochair sainmhínithe a fhorálann clúdach sochair scoir, idir na scéimeanna atá maoinithe go hiomlán ar bhonn réamh-maoinithe (Tábla 2), agus scéimeanna na hearnála poiblí a raibh díolúinte ón gcaighdeán maoinithe (Tábla 3) agus a gcomhlíon arae baill gníomhacha.

SCÉIMEANNA RANNÍOCAÍOCHTA SAINMHÍNITHE:

Léiríonn an ghluaiseacht i líon na scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe laghdú glan de 3,645 i 2005 agus mhéadaigh an comhlíon de bhaill gníomhacha a raibh clúdaithe faoi 9,042 glan. Ón laghdú seo i scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe, scéimeanna neamh-ghrúpa ab iad an mórámh díobh. Bíonn tionchar ag feabhsúcháin an Bhoird maidir le bailiú sonraí i gcónaí ar na torthaí seo, mar a luadh thuas.

SCÉIMEANNA SOCHAIR SAINMHÍNITE IN AGHAIDH SCÉIMEANNA RANNÍOCAÍOCHTA SAINMHÍNITHE

Ag deireadh 2005, bhí 239,127 ball i scéimeanna sochair sainmhínithe atá faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe, amhail in aghaidh 234,814 ball i scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe. **Mura bhfuil baill scéimeanna sochair sainmhínithe de chuid na hearnála poiblí nach bhfuil faoi réir an chaighdeáin maoinithe curtha san áireamh, ba é 499,885 líon iomlán na mball i scéimeanna sochair sainmhínithe, nó cóimheas thart faoi dó in aghaidh a haon vis-á-vis ballraíocht scéime ranníocaíochta sainmhínithe ag deireadh 2005. Fanann an cóimheas seo gan athrú ó 2004.**

GNÍOMHAÍOCHT CHLÁRÚCHÁIN LE LINN 2005

Ós rud é go ndéanann na figiúirí sna hailt thuas comparáid ar an staid ag deireadh na bliana leis an staid a tharla ag tús na bliana, léiríonn siad an staid ghlan agus ní dhealaítear an ghníomhaíocht cláraithe i gcaitheamh na bliana. Réitíonn Tábla 6 na figiúirí ó thús/dheireadh na bliana d'fhonn léiriú a dhéanamh arae gluaiseachtaí i gcaitheamh na bliana. Cláraíodh iomlán de 12,776 scéim nua leis an mBord le linn 2005 inar cuimsíodh 22,437 ball breise. Ó líon iomlán na gclárúchán nua, ba 10,055 scéim ina socruithe neamh-ghrúpa, le 2,721 scéim ghrúpa nua. Bhí 12,750 díobh ina scéimeanna ranníocaíochta sainmhínithe, le 26 scéim sochair sainmhínithe nua curtha leis an gclár.

Tábla 6		**Sochar Sainmhínithe**		**Ranníocaíocht Sainmhínithe**		**Iomlán:**	
		Scéimeanna	**Baill**	**Scéimeanna**	**Baill**	**Scéimeanna**	**Baill**
(i) Eanáir 2005		1,583	500,633	86,486	225,772	88,069	726,405
(ii) Cláraithe i 2005		26	3,897	12,750	18,540	12,776	22,437
(iii) Gluaiseachtaí eile		-131	-4,645	-16,395	-9,498	-16,526	-14,143
(iv) Nollaig 2005	(ii.+(ii)+(iii)	1,478	499,885	82,841	234,814	84,319	734,699
(v) Athrú i rith na bliana	(iv)	-105	-748	-3,645	9,042	-3,750	8,294

* Léiríonn na gluaiseachtaí seo athruithe i stádas scéime, clabhsúirí, scéimeanna i bhfoirceannadh, scéimeanna i mbun a gcalcadhm scéimeanna calctha i mbun athghníomhú, agus athruithe ballraíochta.

CINNTÍ MAIDIR LE SCÉIMEANNA CLÁRAITHE

Rinne an Bord cinneadh amháin i 2005. Bhain an achainí i gcóir cinneadh le cé acu bhí scéim áirithe ina scéim sochair sainmhínithe nó ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe faoi alt 38(2)(b) de na hAchtanna Pinsean. Chinntigh an Bord go raibh an scéim ina scéim ranníocaíochta sainmhínithe d'fhonn cuspóirí an ailt a sonraíodh.

Ceapadh iontaobhaithe ag an mBord

Ceapadh iontaobhaithe do scéim amháin i 2005 ag an mBord de bhun a chumhacht faoi Alt 64 de na hAchtanna Pinsean. Cuireadh an cumhacht seo i bhfeidhm in imthosca dá raibh an comhlacht iontaobhaithe a bhí ann díscaoilte gan ceapadh na hiontaobhaithe nua agus anuas ar sin ní raibh meicníocht ar bith eile ar fáil arae ceapadh na n-íontaobhaithe nua don scéim.

IOMPAR IMSCRÚDAITHE

ARCHEANA

Tá sé mar phríomhchuspóir an Bhoird in aon imscrúdú ná leas (an bhaill) na mball scéime a chosaint. Tá imscrúduithe á thionscain go ginearálta i ndiaidh fiosruithe nó gearáin ó bhaill scéime, ó iontaobhaithe, ó cheardchumainn, trí tuairisciú deonach nó éigeantach nó de bharr iniúchadh ar corr déanta amach ag an mBord Pinsean.

Thionscain an Bord 53 imscrúdú nua isteach i gcúrsaí ag baint le scéimeanna pinsean gairme le linn 2005. Dhún an Bord 49 imscrúdú le linn na bliana. Ag deireadh na bliana, bhí 75 imscrúdú oscailte i gcomparáid le 71 ag deireadh 2004.

Forálann Alt 18 d'Achtanna na bPinsean cumhachtaí áirithe iniúchta ar an mBord agus forálann pionóis áirithe ar teip comhoibriú le himscrúduithe an Bhoird. Nuair a bhraitear go bhfuil úsáid de na cumhachtaí áirithe riachtanach chun imscrúdú a éascú tá imscrúdú Alt 18 údaraithe. Ag deireadh na bliana bhí 10 cás mar sin ar lámh, 3 á údarú le linn na bliana.

TUAIRSCIÚ ÉIGEANTACH AGUS DEONACH

Tá forálacha reachtúla ann, darbh ainm 'brathadóireacht', a chuireann riachtanas dlíthiúil ar raon daoine áirithe le baint in oibríocht scéimeanna pinsean gairme chun ábhar amhrais arae calaois nó mídhílsiú ábhair a thuairisciú don Bhord. Tá foráil ann le haghaidh déantús tuairisc deonach faoi cheist ar bith maidir le staid nó iompar scéime. Áiríonn daoine áirithe iniúchóirí, achtúire, iontaobhaithe, lucht idirghabhála, comhairleoirí infheistíochta agus duine ar bith eile a raibh baint aige maidir le tabhairt cúnaimh d'iontaobhaithe scéime. Cuimsíonn na forálacha cosaint dlí do na daoine a dhéanann a leithéid de thuairisc.

Fuair an Bord iomlán de 34 tuairisc nua i 2005, i gcomparáid le 41 i 2004. Bhí 50 cás fós ar oscailt ag deireadh na bliana.

Bhain 27 de na 34 tuairisc 'bhrathadóireachta' i 2005 faighte le neamh-íoc ranníocaíochtaí do scéim phinsin. Ós rud é gurb é 30 comhlíon na dtuairisc i 2004 maidir le neamh-íocadh ranníocaíochtaí, tá imní ar an mBord go bhfuil sé soiléir nach bhfuil laghdú ar bith tagtha ar an méid neamh-ghéilleadh sa réimse seo agus trí bliain caite ó cuireadh na riachtanais reachtúla i bhfeidhm maidir le íocadh ranníocaíochtaí, níl raibh laghdú ar bith cosúil leis an méid a

mbeifí ag teastáil nó braite. Níl sé inghlactha go mbíonn teidil na mball curtha i mbaol sa bhealach seo agus cuirfeadh an Bord i gcuimhne d'fhostóirí gur coir é neamh-ghéilleadh a bhfuil smachtbhanna coiriúil ag baint leis de réir Achtanna na bPinsean. Tá an Bord tiomanta chun dul chun Cúirte in aghaidh míriail ar bith más gá.

Tábla 7 Imscrúduithe – 1 Eanáir 2005 go 31 Nollaig 2005

Déanann Tábla 7 achoimre ar na sonraí imscrúduithe do 2005.

	Líon na bhfiosrúchán ag 01/01/05	Cásanna Nua Faighte	Cásanna Críochnaithe	Líon na bhfiosrúchán ag 31/12/05
Obair Cháis	22	19	16	25
'Brathadóireacht'	49	34	33	50
Iomlán:	71	53	49	75

Tugann an Bord i gcuimhne do dhuine ar bith a dtiocfadh laistigh de shainmhíniú duine aonarach sonraithe (mar a leagadh amach thuas) ná go bhfuil na cumhachtaí atá ar fáil don Bhord faoi na hAchtanna Pinsean níos éifeachtaí a luaithe agus a thuairsceofaí a leithéid don Bhord.

MONATÓIREACHT AN CHAIGHDEÁIN MAOINITHE

ARCHEANA

Sonraíonn Achtanna na bPinsean go bhfuil sé riachtanach do scéimeanna sochair sainmhínithe (ach amháin iad siúd a raibh díolúinte mar scéimeanna de chuid na hearnála poiblí) teastas maoinithe achtúire a sheoladh don Bhord (TMA) ag 3½ idirlinnte bliantúla (Nóta: do scéimeanna a ullmhaíonn teastais maoinithe achtúire le dátaí éifeachtacha i ndiaidh 22 Meán Fómhair 2005, laghdítear an idirlinn go 3 bliana). Dearbhaíonn achtúire na scéime cé acu a mbíonn na sóchmainní d'acmhainn teacht ar a dliteanais dá mbeadh foirceannadh déanta ar an scéim ag dáta éifeachtach an teastais. Dá bhféadfadh an scéim cur ar a fiachais ní mór moladh maoinithe a thabhairt isteach atá deartha d'fhonn an scéim a chur i riocht go mbeadh sí in ann cur ar a fiachais roimh an dáta éifeachtach den chéad teastas maoinithe achtúire eile. Ní mór teastas a thabhairt isteach don Bhord Pinsean laistigh de 9 mí óna dáta éifeachtach.

Ní mór tuarascálacha bliantúla iontaobhaí ráiteas ón achtúire mar a shásaíonn nó nach shásaíonn an caighdeán maoinithe ag an lá deireanach den tréimhse tuarascála. Má tá an ráiteas diúltach ní mór teastas maoinithe achtúire a chur faoi bhráid an Bhoird laistigh 12 mí ó dheireadh na tréimhse tuarascála. Má thaispeánann an teastas sin nach sásaíonn an scéim an caighdeán maoinithe, beidh gá le moladh maoinithe.

Is féidir leis an mBord dáta níos déanaí a shocrú chun an caighdeán maoinithe a bhaint amach i gcás go bhfuil moladh maoinithe á chur i

bhfeidhm. Mar sin de ceadaítear le scéimeanna móltaí maoinithe a ullmhú atá deartha chun an caighdeán a bhaint amach thar tréimhse dá mbeadh níos faide ná 3½ bliain.

GNÍOMHAÍOCHT 2005

Fuair an Bord teastais maoinithe achtúire i leith 564 scéim i 2005. Léirigh 320 (57%) díobh gur shásaigh na scéimeanna atá i gceist an caighdeán maoinithe. Theip 244 scéim (43%) an caighdeán maoinithe a shásamh. Tugadh 187 de na scéim sin moladh maoinithe isteach, ceadaíodh tréimhse níos mó ná 3½ bliain ag 94. Bhí 57 moladh ar feitheamh ag deireadh na bliana agus bhí an Bord ag déanamh comhfhreagras le hiontaobhaithe na scéimeanna sin chun a dheimhniú gur tugadh na moltaí isteach.

Léiríonn Táblaí 8, 9 agus 10 an staid ag deireadh na bliana maidir le géilliúlacht leis an gcaighdeán maoinithe. Léiríonn Tábla 8 staid na scéimeanna ar thug teastas maoinithe isteach don Bhord ar bhonn carnach suas go deireadh 2005 briste síos faoi réir ranga scéime agus líon na mball. Léiríonn Tábla 9 agus 10 staid na scéimeanna ar thug teastas maoinithe isteach don Bhord i rith 2005 agus scéimeanna nár shásaigh an caighdeán maoinithe.

An Caighdeán Maoinithe mar ag 31 Nollaig 2005

Tábla 8 – Scéimeanna Sochair Sainmhínithe Faoi Réir an Chaighdeáin Maoinithe

	Scéimeanna SS faoi réir an Chaighdeáin Maoinithe		A bhfuil Teastais Maoinithe i bhfeidhm dóibh		A bhfuil Teastais Maoinithe gan a bheith i bhfeidhm dóibh*		Teastais Maoinithe nach bhfuil dleachta go fóill**	
Saghas Scéime	**Méid Scéimeanna**	**Méid Bhaill ag an**	**Méid Scéimeanna**	**Méid Bhaill ag an**	**Méid Scéimeanna**	**Líon na mBall**	**Méid Scéimeanna**	**Líon na mBall**
Neamh-Ghrúpa	17	17	10	10	6	6	1	1
1 – 50	797	13,209	740	12,562	30	292	27	355
51 – 99	171	12,360	164	11,888	2	108	5	364
100 – 500	241	56,317	228	53,015	4	877	9	2,425
501 – 1,000	44	32,021	42	30,719	0	0	2	1,302
1,000 +	35	125,203	31	112,889	3	10,993	1	1,321
Iomlán:	**1,305**	**239,127**	**1,215**	**221,083**	**45**	**12,276**	**45**	**5,768**

**Tá an figiúr seo de dhéantús scéimeanna faoi iachall TMA do chur isteach don Bhord faoi 31/12/05 ar a laghad. Baineann go leor de na scéimeanna seo le hachainíocha faoi Alt 49(3), roinnt acu i mbun foirceannadh, nó i mbun athrú go RS, agus cuid acu a raibh dúnta ó dheireadh na bliana.*

***Tá an figiúir déanta suas ag scéimeanna a thosaigh ar, nó tar éis, 01/10/01 agus ansin ní rabhthas le AFCs a thabhairt isteach go dtí 2006.*

Tábla 9 – Scéimeanna do Theastais Maoinithe faighte i 2005

	Schemes for which Teastais Mhaoinithe faighte i 2005		De sin a shásaigh an Caighdeán Maoinithe		De sin nár shásaigh an Caighdeán Maoinithe*	
Saghas Scéime	**Méid Scéimeanna**	**Baill Gníomhacha**	**Méid Scéimeanna**	**Baill Gníomhacha**	**Méid Scéimeanna**	**Baill Gníomhacha**
Calctha	53	0	36	0	17	0
Neamh-Ghrúpa	3	3	1	1	2	2
1 – 50	315	4,852	189	2,618	126	2,234
51 – 99	66	4,820	28	2,190	38	2,630
100 – 500	100	23,662	50	12,228	50	11,434
501 – 1,000	18	12,449	11	7,644	7	4,805
1,000 +	9	22,150	5	17,144	4	5,006
Iomlán:	**564**	**67,936**	**320**	**41,825**	**244**	**26,111**

**I gcás a raibh níos mó ná teastas maoinithe achtúire amháin curtha isteach do scéim i rith na bliana, ní léirítear ach amháin an ceann is deireanaí sna figiúirí seo.*

**Chuir Iontaobhaithe de 121 de na scéimeanna sin iarratais isteach ar an mBord faoi Alt 49(3) de Achtanna na bPinsean, chun dáta roimh an dáta éifeachtach den teastas maoinithe achtúire tríd a mbeadh súil ag a scéim an Caighdeán Maoinithe a shásamh. Tá sonraí níos mó ar iarratais ar an mBord faoi Alt 49(3) leagtha síos i dtábla 11.*

Tábla 10 – Scéimeanna don a bhí Teastais Mhaoinithe faighte i 2005 agus nár shásaigh an Caighdeán Maoinithe

	Moladh Maoinithe Faighte		Moladh Maoinithe ar Feitheamh	
Saghas Scéime	**Méid Scéimeanna**	**Baill Gníomhacha**	**Méid Scéimeanna**	**Baill Gníomhacha**
Calctha	6	0	11	0
Neamh-Ghrúpa	2	2	0	0
1 – 50	106	1,898	20	336
51 – 99	27	1,868	11	762
100 – 500	38	8,190	12	3,244
501 – 1,000	6	4,187	1	618
1,000 +	2	2,767	2	2,239
Iomlán:	**187**	**18,912**	**57**	**7,199**

**Bhí 94 (50%) de na moltaí maoinithe faighte do tréimhse níos mó 3½ bliana. Léiríonn na 94 scéim 17% den 564 scéim ar cuireadh Teastais Maoinithe isteach i rith 2005.*

IARRATAIS DON BHORD FAOI ALT 49(3)

Faoi Alt 49(3) d'Achtanna na bPinsean, is féidir leis an mBord dáta níos déanaí a shocrú don scéim an Caighdeán Maoinithe a bhaint amach nuair atá moladh maoinithe á chur i gcrích. Rinneadh iarratais don Bhord faoi Alt 49(3) ag iontaobhaithe 47 scéim le linn 2005. Bhí sé seo i gcomparáid le 135 iarratas i 2004.

Ag am scríofa, tá 33 den 47 iarratas ceadaithe agus tá 2 diúltaithe. Tá an Bord i mbun comhfhreagras le hiontaobhaithe an 2 scéim seo chun a chinntiú go gcuirfear na moltaí athbhreithnithe isteach.

Agus dáta níos déanaí ceadaithe, níor lean 1 scéim lena moladh níos fad tréimhseacha agus ina ionad sin chuir siad moladh isteach thar 3½ bliain. Tharraing 2 scéim eile a n-iarratas roimh shocrú de dháta níos déanaí mar, i gcás amháin, d'íocadh cnapshuim sa chaoi is go sásaíonn an scéim an caighdeán maoinithe agus, sa chás eile, beartaíodh foirceannadh a dhéanamh ar an scéim.

Tá fuílleach na n-iarratas,9 gcinn díobh, ag am scríofa, faoi mheas, nó tá an Bord ag feitheamh ar eolas breise d'fhonn cinneadh a dhéanamh.

AN STAID GO GINEARÁLTA

Faoin 31 Nollaig 2005, bhí 208 iarratas ar fad déanta chuig an mBord, agus 177 díobh sin ceadaithe ag am a scríofa seo (ó ceadaíodh iad ag dáta níos déanaí ní dheachaigh 3 scéim ar aghaidh lena moltaí fadtéarmacha).

Diúltaíodh16 iarratas ar fad. Ach in 11 cás, rinne na hiontaobhaithe iarratas nua agus ceadaíodh iad ar dháta níos déanaí. Tá an Bord i mbun comhfhreagrais le hiontaobhaithe na gcúig scéim atá fágtha le cinntiú go gcuirfear moltaí inghlactha isteach.

Tá an 20 iarratas ar fanacht, ag am scríofa, faoi mheas nó tá an Bord ag feitheamh ar eolas breise d'fhonn cinneadh a dhéanamh.

Tharraing sé scéim eile a n-iarratais siar roimh dháta níos déanaí mar gur beartaíodh an scéim a scor, nó gur íocadh cnapshuim chun an t-easnamh a mhaoiniú.

Ní áirítear an naoi scéim nach ndeachaigh ar aghaidh lena moltaí fadtéarmacha nó a tharraing a n-iarratais siar ar chúiseanna éagsúla i dTábla 11 thíos.

Tábla 11

Scéimeanna a ndearnadh Iarratas Alt 49(3) ar an mBord ina leith.		
Saghas Scéime	Líon Scéimeanna	Baill Ghníomhacha
Calctha	8	0
Neamh-Ghrúpa	1	1
1 – 50	99	2,134
51 – 99	27	1,860
100 – 500	53	11,888
501 – 1,000	7	5,073
1,000 +	4	5,363
Iomlán:	**199**	**26,319**

MONATÓIREACHT AR GHÉILLIÚLACHT LE NOCHTADH

STRAITÉIS UM CHLOÍ LE NOCHTADH

Ina phróiseas iniúchóireachta iarrann an Bord ar iontaobhaithe scéime cóipeanna a chur ar fáil dó den cháipéisíocht a chaithfear a sholáthar nó a chur ar fáil do bhaill. Cuireann an Bord an cháipéisíocht a fhaigheann sé i gcomparáid ansin le mionriachtanais na reachtaíochta le deimhniú go bhfuil na riachtanais sin á gcomhlíonadh. Rinneadh iniúchadh ar 342 scéim san iomlán i rith 2005. Is iad seo leanas torthaí na cáipéisí a scrúdaíodh:

Tábla 12

Foilsiú le:	**Iomlán:**	**Géilliúlacht**	**Sásúil***	**Neamh-Ghéilliúlacht**
Tuarascáil Bhliantúil	85	66	12	7
Saghas A Malartach	223	184	22	17
Saghas B Malartach	28	22	3	3
Cuntais Iniúchta	87	71	9	7
Bileog Scéime	1	1	0	0
Luacháil Achtúireach	1	1	0	0
Ráiteas Sochair	72	37	30	5
Ráiteas Sochair – Do Thuarascáil Saghas B	6	3	3	0
Baill a Chur ar an Eolas	313	242	71	0
Ceardchumainn a Chur ar an Eolas	313**	85	45	2

** Tá cáipéis measta a bheith sásúil nuair a mheasann an Bord gur neamh-ghéilliúlacht gan mórán suntais é agus nuair a iarratar ar an na hiontaobaithe a chinntiú go gceartófar an cheist i gcáipéisí amach anseo. Impleachtaíonn an neamh-ghéilleadh go mba chóir na cáipéisí a cheartú láithreach.*

*** Léiríonn an figiúr seo an líon iomlán iarratas ar fhianaise faoi cheardchumainn a chur ar an eolas. Chuir 181 scéim in iúl don Bhord nach raibh ionadaíocht cheardchumainn ag na baill.*

D'fhéadfadh an próiseas iniúchta, chomh maith le leibhéal géilliúlacht de scéim áirithe a thabhairt, radharc níos ginearálta de leibhéil géilliúlachta a thabhairt don Bhord. Cé gur léir don Bhord go bhfuil feabhas ag teacht go ginearálta ar leibhéil ghéilliúlachta le blianta beaga anuas, is léir chomh maith gur fada uainn fós an ghéilliúlacht iomlán. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh iontaobhaithe na freagrachtaí dlíthiúla atá orthu agus nach gcuirtear an fhreagracht sin ar ceal trína tharmligean. Cé nach bhfuil siad freagrach as na cáipéisí a tháirgeadh tá siad freagrach as chinntiú go bhfuil sé géilliúil. Dá bhrí sin ní mór d'iontaobhaithe monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar an té a fhostaíonn siad chun a riarachán a dhéanamh le cinntiú go bhfuil sé géilliúil don reachtaíocht.

Is údar imní é nach n-ullmhaítear a lán tuarascálacha laistigh de na teorannacha ama a leagtar amach sa reachtaíocht. Go ginearálta bíonn 9 mí ag iontaobhaithe tar éis deireadh bhliain scéime chun iad seo a ullmhú. Is flaithiúil an tréimhse ama é seo agus is deacair a fheiceáil go mbeadh aon chúis dhlisteanach ann nach bhféadfaí é a bhaint amach. Tá seasamh láidir á ghlacadh ag an mBord maidir leis seo, agus leanfaidh sé ar aghaidh leis an seasamh sin. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh a fhios ag gach ball den

scéim go bhfuil tuarascáil bhliantúil na n-iontaobhaithe ar fáil. Ba chóir don Bhord sainmheon Straitéis Ghéilliúlacht Nochtadh Scéim Pinsean Gairme an Bhoird a mheabhrú do iontaobhaithe: tá sárú aon riachtanas de chuid Achtanna na bPinsean faoi réir ionchúisimh.

Pléitear saincheisteanna den chineál seo ar bhonn leanúnach leis na cleachtóirí atá rannpháirteach i dtáirgeadh na cáipéisí d'fhonn caighdeáin níos fearr a chinntiú. Tionóladh 14 cruinniú i rith 2005 chun cúrsaí ginearálta agus sonracha géilliúlachta a phlé.

Léiríonn iniúchadh an Bhoird go bhfuil feabhas ag teacht go ginearálta ar chaighdeáin ghéilliúlacht nochtadh. Beidh an Bord ag obair leis go dlúth le scéimeanna agus le cleachtóirí le cinntiú go leanfar leis an dul chun cinn i dtreo géilliúlachta iomlán.

Tugtar achoimre de na tacaí a thugann an Bord d'iontaobhaithe chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh sa chaibidil "Forbairt /Faisnéis/Feasacht Pinsean".

Ionchúisimh

Rinne an Bord 10 n-ionchúiseamh i 2005. Rinne an Bord ceithre ionchúiseamh rathúil in aghaidh fostóirí mar gur theip orthu a ndualgais CCSP a chomhlíonadh. D'éirigh le sé ionchúiseamh de chuid an Bhoird chomh maith in aghaidh iontaobhaithe scéimeanna gairme.

Bhain an ceithre ionchúiseamh CCSP le faillí an fhostóra maidir le iarratas an Bhoird ar fhaisnéis a fhreagairt.

Bhain na hionchúisimh in aghaidh iontaobhaithe scéimeanna lena dteip maidir le:

- tuarascálacha bliantúla scéime a chur ar fáil do bhaill agus do dhaoine sonraithe eile,
- fógra a thabhairt do na baill maidir leis na tuarascálacha bliantúla a bheith ar fáil laistigh de na teorannacha ama atá sonraithe chun é sin a dhéanamh sna Rialacháin Nochtadh,
- cóipeanna de chuntais agus de chuntais iniúchta a bhaineann le bliain scéime a chur ar fáil, agus
- fógra a thabhairt don Bhord maidir le athruithe sna hIontaobhaithe laistigh den teorainn ama sonraithe.

D'ionchúisigh an Bord níos mó cionta i 2005 ná in aon bhliain roimhe sin. Ba í seo an chéad bhliain chomh maith a ionchúisigh an Bord fostóirí maidir lena ndualgais CCSP.

Cé gurb é polasaí sonraithe an Bhoird an ghéilliúlacht a bhaint amach trí chomhoibriú aon uair is féidir, léiríonn na cásanna a tógadh go dtabharfaidh an Bord aon sárú os comhair na gCúirteanna mar is cuí.

Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP)

TÁIRGÍ CCSP

D'fhaomhaigh an Bord táirge Caighdeánach CCSP amháin agus táirge neamhChaighdeánach amháin i 2005. Tugann sé seo an líon iomlán táirgí faomhaithe CCSP sa mhargadh go dtí 58, 24 táirge caighdeánach agus 34 neamh-Chaighdeánach, agus bhí iarratas eile ar tháirge ar bun ag deireadh na bliana.

Ag 31 Nollaig, sheas an líon conarthaí tógtha amach ag daoine ag 68,257 agus bhí luach sócmhainní €451.7 milliún á bhainistiú. Fuarthas na táillí bliantúla a bhí iníoctha don Bhord ó sholáthraithe in am agus bhí ioncam de bhreis ar €200,000 faighte astu

TUAIRISCIÚ SOLÁTHRAITHE

Chuir soláthróirí tuarascálacha isteach a leag síos líona agus luachanna carnacha na gconarthaí do gach ráithe i rith na bliana. Tá staitisticí achoimre ag baint le tuarascálacha agus comparáid bliain ar bhliain taispeánta sna táblaí thíos. Léiríonn an tábla dar teideal “”Líon Conarthaí CCSP” go raibh méadú socair ar líon na gconarthaí ó tugadh CCSP isteach go luath i 2003. Tá líon na sócmhainní ag deireadh na bliana, €451.1 milliún, 2.5 uair níos mó ná luach na sócmhainní CCSP i 2004. CCSP Caighdeánach atá i bhformhór na gconarthaí a tógadh amach.

Fuarthas tuarascálacha bliantúla soláthraithe CCSP an Bhoird, chomh maith le dearbhú agus teastas na n-achtúirí ceaptha CCSP, ó na soláthraithe ag deireadh an chéad ráithe de 2005. Níor léirigh na tuarascálacha, a thugann sonraí faoi leibhéil ghéilliúlachta na soláthraithe do fhorálacha reachtúla sa bhliain a bhí caite, gur tharla aon neamhghéilliúlacht shuntasach. Bhí an Bord sásta go raibh an modh monatóireachta inmheánaigh seo ag feidhmiú go sásúil. Rinne an Bord próiseáil agus anailís chomh maith ar thorthaí níos cuimsithí a bhain le sonraí sainiúla ranníocóirí a chuir na soláthróirí ar fáil i mí Eanáir.

FORÁLACHA ÉIGEANTACHA ROCHTANA D'FHOSTÓIRÍ

Lean an Bord ar aghaidh i dtús 2005 lena anailís ar fhreagraí ar cheistneoir d'fhostóirí a cuireadh chuig 64,000 fostóirí cláraithe i mí Lúnasa 2004. Rinneadh é seo chun an mhonatóireacht ar ghéilliúlacht fhostóirí don dualgas reachtúil maidir le rochtain a chur ar fáil chuig CCSP Caighdeánach amháin ar a laghad do 'Fhostóirí eisiata" a bhrostú. Eisíodh litreacha leantacha a thugann soiléiriú agus/nó treoir chuig earnála áirithe fostóirí agus bhí an tionscadal i gcrích faoi lár na bliana.

Ar 15 Meán Fómhair 2005, dhá bhliain go díreach tar éis dualgais éigeantacha a thabhairt isteach d'fhostóirí, cuireadh an dara cheistneoir amach chuig os cionn 28,000 fostóirí nár fhreagair an chéad suirbhé . Tugadh áis ar-líne isteach trí shuíomh idirlín an Bhoird chun freagraí a spreagadh ó

fhostóirí. Faoi dheireadh na bliana bhí freagraí tughta ag beagnach 42% díobh siúd a cuireadh faoi suirbhé agus bhí a bhfreagraí á n-thbhreithniú. Chomh maith leis na freagraí a phróiseáil, phléigh an Bord le 3,446 fiosrú gutháin agus 71 teachtaireacht i scríbhinn maidir leis an gceistneoir. (Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil na figiúirí seo curtha san áireamh sna sonraí fiosrúcháin ghinearálta sa Chaibidil "Forbairt/Eolas/Feasacht Pinsean").

MONATÓIREACHT AR FHOSTÓIRÍ

Agus fiosrúcháin ar bun le fostóirí bíonn géilliúlacht na bhfostóirí dá ndualgas sainordaithe CCSP á bpromhadh ag an Chigireacht Leasa Shóisialaigh agus cuirtear tuarascáil ar na torthaí chuig an mBord. Fuair an Bord 623 tuarascáil dá leithéid seo le linn 2005. Mar chuid den straitéis um ghéilliúlacht CCSP stiúrann an Bord iniúchtaí fánacha nó spriocdhírithe ar fhostóirí agus rinneadh 234 díobh seo i 2005. Ba iad na tuarascálacha Leasa Sóisialta, agus freagraí na bhfostóirí neamhghéilliúla ar na ceistneoirí CCSP, na príomhfhoinsí do na hiniúchtaí.

D'fhiosraigh an Bord tuairiscí 'nochtadh scéil' maidir le dualgais fhostóirí faoi tharchur ranníocaíochtaí CCSP agus rochtain riachtanach chomh maith. Fuair an Bord 14 tuairisc i 2005, agus cuireadh clabhsúr ar dheich gcinn acu gan gá le haon ghníomh eile.

GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

I 2005, phléigh an tAonad CCSP le 151 fiosruithe maidir le gnóthaí ginearálta agus teicniúla CCSP, a bhformhór ó sholáthraithe fhormheasta CCSP.

Ar deireadh d'úsáid an Bord a chumhachtaí reachtúla níos leithne i roinnt cásanna a bhain le dualgais shainordaithe fostóirí agus rinneadh ceithre ionchúiseamh rathúil ar fhostóirí mar gheall ar neamhghéilliúlacht do na riachtanais reachtúla.

NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM

Lean an Bord ag déanamh idirchaidrimh leis an nGnó Seirbhísí Airgeadais (Pinsean), faoi shaincheisteanna cánach a bhaineann le CCSP, láimhseáil aisíocaíochtaí ranníocaíocht CCSP agus úsáid CCSP ar mhaithe le ranníocaíochtaí breise deonacha. In áit eile, de thoradh na ndíospóireachtaí le rannóg 'Gnó nua" na gCoimisinéirí Ioncaim cuireadh mír faoi dhualgais fhostóirí maidir le CCSP isteach i lámhleabhar eolais d'fhostóirí nua dar teideal "Tosú i nGnó".

CONCLÚID

Lean an Bord ag comhlíonadh a chuspóirí rialála i rith na bliana trína chaidreamh le Rialaitheoirí eile a fhorbairt agus trí obair go dlúth le scéimeanna, cleachtóirí, soláthraithe CCSP agus fostóirí chun géilliúlacht dá riachtanas rialacháin a bhaint amach. Tá réimse uirlisí ar fáil don Bhord mar Rialaitheoir, próiseas iniúchta agus nochtadh agus rogha an ionchúisimh ina

measc. Beidh na socruithe seo faoi athbhreithniú i gcónaí le cinntiú go mbeidh siad cuí agus sásúil.




Value of PRSA assets
€ Million
500
400
300
200
100
0
Jun '03
Sep '03
Dec '03
Mar '04
Jun '04
Sep '04
Dec '04
Mar '05
Jun '05
Sep '05
Dec '05


Value of PRSA Assets 2005
€ Million
500
400
300
200
100
0
244.1
270.6
328.9
451.7
Mar
Jun
Sep
Dec

Caibidil

Polasaí

Achoimre de na Cuspóirí Ginearálta

Chun

- clár Polasaí a aontú ar bhonn seasaimh fhoriomlán straitéise an Bhoird,
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an gclár Polasaí de réir:
    - iarratais ón Aire
    - tograí an Bhoird féin,
    - aon athrú ar pholasaí cánach na bpinsean,
    - tionchar na bhforbairtí cuntasaíochta,
    - gnéithe eile den timpeallacht atá ag athrú, agus
- comhairle a chur ar Ranna Rialtais faoi thograí pinsean a bhaineann leis an AE

Photo to be inserted here

Dé Luain 9 Bealtaine 2005

Preasagallamh an Aire chun an tSeachtain Ghníomhaíochta Pinsean Náisiúnta a sheoladh.

Séamus Brennan (An tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh), Anne Maher (Príomhfheidhmeannach, an Bord Pinsean) agus Michael McNulty (Cathaoirleach ag éirí as, an Bord Pinsean).

Polasaí

Gníomhaíocht ag baint le Cuspóir Ginearálta

Agus a Chlár Polasaí á athbhreithniú aige go luath i 2005, thug an Bord tús áite do athbhreithniú ginearálta ar chumhdach pinsean agus ar shaincheisteanna gaolmhara. Ba fhreagra é seo ar iarratas ón Aire go dtabharfaí athbhreithniú reachtúil an chumhdach fhorlíontach pinsean, a bhí sa sceideal le haghaidh 2006 ar dtús, ar aghaidh go 2005.

Bhí an-chuid de na saincheisteanna a bhí le cur isteach i gClár Polasaí an Bhoird do 2005 áirithe san athbhreithniú seo – ar a dtugtar an tAthbhreithniú Náisiúnta Pinsean (NPR) – a fuair an lámh in uachtar ar ghníomhaíocht an Bhoird maidir le polasaí ar feadh fhormhór na bliana.

Tugtar cuntas thíos faoi na réimsí substaintiúla gníomhaíochta maidir le polasaí a tharla sa Bhord sa tréimhse atá á athbhreithniú chomh maith leis an NPR.

Treoir IORP

I measc thosaíochtaí an Bhoird do 2005 bhí tacú le forfheidhmiú an Treoir AE 2003/41/EC i ndlí na hÉireann faoi ghníomhaíochtaí agus mhaoirsiú institiúidí ar fhoráil scoir ceirde (Treoir IORP).

Thug tuarascáil bhliantúil 2004 eolas faoi phróiseas an Bhoird maidir le moltaí a chur faoi bhráid an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maidir leis an Treoir IORP a fhorfheidhmiú in Éirinn. Rinne an tuarascáil bhliantúil achoimre ar na príomhfhorálacha trasuímh, a achtaíodh san Acht Leasa Sóisialacha agus Pinsean 2005, acht ar chuir an Bord tacaíocht theicniúil ar fáil lena aghaidh.. I rith an tsamhraidh 2005 chabhraigh an Bord le hullmhú na Rialachán, a rinneadh i mí Mheán Fómhair, agus a chuir trasuíomh an Treoir IORP go dlí na hÉireann i gcrích faoin spriocdháta, 23 Meán Fómhair, 2005. I measc nithe eile, chlúdaigh na Rialacháin seo riachtanais maidir le cáilíochtaí agus taithí iontaobhaithe, infheistiú acmhainní scéime agus forálacha chun gníomhaíocht trasteorainn a riar.

Ba chóir a lua chomh maith faoi na Rialacháin seo gur thug na cinn a bhain le hinfheistíocht feidhm do chinneadh an Aire maidir le forfheidhmiú an Treoir IORP faoi iasachtaí scéime; chuir na Rialacháin toirmisc ar iasachtaí a fháil do scéimeanna go ginearálta, ach go raibh socraithe le ball amháin mar eisceacht. Ghlac an Bord páirt sa Ghrúpa Oibre Idir-Rannach a tháinig le chéile in Earrach agus i Samhradh 2005 chun an gné seo d'fhorfheidhmiú an Treoir IORP a bhreathnú.

Maoiniú de Scéimeanna Sochair Shainmhínithe

Mar tugadh le fios i dtuarascáil bhliantúil 204, rinneadh na príomh-mholtaí a bhí in athbhreithniú an Bhoird "Athbhreithniú ar an gCaighdeán Maoinithe: Tuarascáil don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh" (Nollaig 2004) – chomh fada is a bhí reachtaíocht phríomhúil ag teastáil, a ionchorprú san Acht Leasa Sóisialacha agus Pinsean, 2005. De réir tosaíochtaí an Bhoird don bhliain, chabhraigh an Bord le hullmhú na Rialachán a rinneadh i mí Mheán Fómhair 2005, agus a chuir próiseas forfheidhmithe na moltaí i dtuarascáil an Bhoird i gcrích. . Shonraigh na Rialacháin seo go príomha na cúinsí leitheadacha ar ar féidir leis an mBord tréimhse maoinithe molta sínte a cheadú. Rinne an Bord uasdátú ar a threoirlínte ina dhiaidh sin chun na forálacha leasaithe reachtúla a chur san áireamh agus chuaigh sé i mbun idirchaidrimh freisin le Cumann Achtúirí na hÉireann chun foráil a dhéanamh do dheimhniúchán leasaithe achtúire.

APN – Athbhreithniú Pinsean Náisiúnta

I mí Feabhra 2005 d'iarr an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar na mBord an t-athbhreithniú a bhí foráilte in Alt 103(2) den Acht Pinsean a dhéanamh. Déantar foráil san Alt sin le haghaidh thuarascáil faoi "mhéid fheidhmiú na bpinsean gairme agus eile, maidir le hábhair atá ábhartha don daonra dar leis an Aire" le bheith ullamh faoi Mheán Fhómhair 2006.

D'iarr an tAire go bhfiosródh an Bord cur chuige malartach maidir le soláthar pinsean náisiúnta agus an t-athbhreithniú seo ar bun aige, agus go mbeadh moltaí sa tuarascáil chun "an tiomantas go gcinnteofaí ioncam sásúil scoir do chách a fhíorú".

Mar chéadfhreagra ar iarratas an Aire, chuir an Bord fáilte roimh an deis a bhain leis an atbhreithniú agus leag sé amach a thuairim faoi réimse agus príomhchodanna an APN i mí Feabhra 2005. Ba é an tuarascáil a chuireadh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2005, agus a cuireadh faoi bhráid an Aire go gearr ina dhiaidh sin, freagra iomlán an Bhoird ar a iarratas.

Mar chuid den obair a bhain le stiúradh an athbhreithniú, chuaigh an Bord i mbun comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne, d'eagraigh sé ceardlanna eisiacha do chomhaltaí an Bhoird agus do rannpháirtithe a fuair cuireadh, agus d'fhostaigh sé cúnamh comhairleoireachta chun ceithre thasc a chur i gcrích. (Tá torthaí na dtascanna seo curtha mar aguisíní le tuarascáil an APN leis an tuarascáil a choimisiúnaigh an Bord ó Indecon chun bearta a fhiosrú a d'fhéadfadh cumhdach méadaithe a spreagadh).

Cé gur chlúdaigh an t-athbhreithniú réimse leathan saincheisteanna, b'iad seo leanas na príomhréimsí a cuireadh san áireamh:

- athbhreithniú ar na spriocanna a bhí molta sa Tionscadal Polasaí Pinsean Náisiúnta 1998 (TPPN). Bhí athbhreithniú ar chumhdach agus ar dhóthaineacht phríomhspriocanna TPPN mar chuid de seo,
- athbhreithniú ar leibhéil reatha cumhdaigh agus dóthaineachta an fhoráil phinsin ghairme agus phearsanta (an Dara Colún) Rinne sé seo athbhreithniú ar an leibhéal cumhdaigh agus dóthaineachta faoi láthair ag cur foráil Céad Cholúin agus Dara Cholúin san áireamh

- saincheisteanna polasaí maidir le buanú an Chéad Cholúin (Foráil phinsin leasa sóisialaigh). Leag sé seo teilgin fhadtéarmacha uasdátaithe chostas an fhoráil Chéad Cholúin amach chomh maith le roghanna a d'fheabhsódh a inmharthanacht,
- consideration of strategic options for meeting the TPPN targets. This set out various alternative national systems within the objective of achieving the TPPN targets,
- feabhsúcháin fhéideartha ar an Dara Colún a bhreithniú agus na moltaí atá ag an mBord a chur in iúl . Leag sé seo mach na feabhsúcháin fhéideartha a spreagfadh glacadh níos mó don Dara Colún agus d'ainmnigh sé na feabhsúcháin a bhí molta ag an mBord, maraon le
- tuairimí faoi fhoráil éigeantach fhéideartha pinsean . Leag sé seo amach na rudaí atá le cur san áireamh go ginearálta maidir le cur chuige éigeantach chun spriocanna TPPN a bhaint amach agus tugann sé tuairimí chomhaltaí an Bhoird faoi seo.

Bhí príomhéirim chur chuige molta na tuarascála dírithe i leith fheabhsúcháin shonracha atá leagtha amach sa tuarascáil chun an córas reatha deonach Dara Colúin a dhéanamh mar mhodh chun na leibhéil reatha cumhdaigh agus dóthaineachta a fheabhsú. Ag an am céanna ní raibh ach tacaíocht theoranta ann chun cur chuige éigeantach a bhreathnú mar dhóigh chun spriocanna an TPPN a bhaint amach. Bhí roinnt mhaith costála, anailíse agus breathnóireachta ann mar bhunchlocha don tuarascáil.

Sheoil an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tuarascáil an APN i mí Eanáir 2006. Agus é á sheoladh chur an tAire fáilte roimh an cháipéis mar "thuarascáil an-luachmhar a dhéanfadh a chion ar son dearadh agus soláthar leasaithe pinsean sa todhchaí". Cé gur fháiltigh sé roimh na feabhsúcháin a bhí molta agus an scóip shoiléir a bhí iontu chun cumhdach pinsean méadaithe a sholáthar, mheas sé chomh maith gur gá níos mó iniúchadh a dhéanamh ar chóras éigeantach nó gar-éigeantach a thabhairt isteach. Ag eascairt as an díospóireacht náisiúnta, sa phróiseas comhpháirtíochta chomh maith, maidir leis na saincheisteanna a tógadh i dtuarascáil an APN, thug sé le fios go mbeadh an Rialtas ag teacht ar chonclúidí faoi na moltaí éagsúla agus go mbeadh siad ag iarracht teacht ar chomhréiteach faoin gcaoi is fearr chun dúshraith a leagan a chinnteodh sláine scoir do chách .

D'fhéadfaí a thabhairt faoi deara chomh maith gur thug an tAire Airgeadais feabhsúcháin isteach sa chóras cánach sa Bhille Airgeadais 2006 chun sealbhóirí Chuntais Speisialta Sábhála Infheistíochta (SSIA) (laistigh den mhogalra cánach nó lasmuigh de) a gcistí aibí SSIA a aistriú go foráil phinsin, chomh maith le bearta a mhéadódh an faoiseamh cánach atá ar fáil ar ranníocaíochtaí fhoráil phinsin do oibrithe 55 bliana d'aois nó níos sine. Ag trácht dóibh ar na bearta seo, chonaic an tAire Airgeadais agus an tAire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh araon nach raibh iontu ach gné amháin de bhreathnú leanúnach an Rialtais ar cheist fhoriomlán an fhoráil phinsin go fadtéarmach, a raibh bonn fíorasach anailíseach á fhoráil dóibh i dtuarascáil an Bhoird..

Athbhreithniú Inmheánach

I gcomhthéacs na tosaíochta sáraithe laistigh dá ghníomhaíocht bainteach le polasaí a thug an Bord don NPR i rith 2005, níorbh fhéidir an t-athbhreithniú mór ar iontaobhaíocht a bhí beartaithe do 2005. Ach, sular chríochnaigh a théarma i Nollaig 2005, d'aontaigh an Bord ar theimpléad don athbhreithniú do scrúdú ag an mBord nua

Index-linked benefits

Faoi dheireadh, i dtreo deireadh 2005 chuir an Bord comhairle ar pholasaí ar fáil don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun cuidiú lena réiteach bearta féideartha le cur isteach sa Bhille um Leasú Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2006 maidir le caitheamh le sochair a bhaineann le hinnéacs ar mhaithe le caighdeán maoinithe agus foirceannadh.

Conclúid

Leanadh go gníomhach do shainchuspóir an Bhoird Pinsean fós i rith 2005 agus is léir go mbeidh tionchar ag cuid de thorthaí an phróiseas seo maidir le cinnteoireacht an Rialtais i dtaobh polasaí pinsean sa todhchaí . Freisin soláthraíonn an obair seo bunús daingean do chlár na n-athbhreithnithe ar pholasaí a bhfuil an Bord geallta do é a chur ar aghaidh i rith 2006.**Caibideal**

Forbairt/Eolas/Meabhraíocht Pinsean

Achoimre de na Cuspóirí Ginearálta

D'fhonn

- seirbhís eolas/ceiste a chur ar fáil do bhaill scéime pinsean, phinsinéirí, agus don phobal agus tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe ina ról,
- 'teachtaireacht na bpinsean' a chur chun cinn agus foinse eolais agus cabhrach a chur ar fáil do na meáin cumarsáide ,
- tacú le hionchur na hÉireann do chomhlachtaí seachtracha a bhfuil ionchur pinsean nó eolas orthu ag teastáil uathu m.sh. Institiúidí an AE, OECD, World Bank nó IMF, agus
- muinín as córas na bpinsean a chruthú.

Grianghraf le bheith ionsáite anseo

Chomhoibrigh An Bord Pinsean le FÁS, chun iarraidh ar fhostaithe sna hearnálacha ina mbíonn chúdach pinsean go híseal go traidisiúnta, mar lónadóireacht, miondíol, talmhaíocht agus tógail, pinsean a thosú i rith Seachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean.

Forbairt/Eolas/Meabhraíocht Pinsean

Gníomhaíocht ag baint le Cuspóirí Ginearálta

Seirbhísí eolais agus fiosrúcháin do bhaill agus pháirtithe leasmhara eile

Brathann éifeachtacht Acht na bPinsean maidir le cearta bhaill na scéime a chosaint, cuid mhór, ar chleachtadh a gcearta chun riar ag baill agus láidreacht na scéime ó thaobh an airgeadais de agus eolas a fhail ar a dteidil pearsanta féin a fháil ag baill. I rith 2005, lean an Bord air ag cur chun cinn slándáil scéimeanna pinsean ceirde trí treoir údarásach, shoiléir a chur ar fáil d'iontaobhaithe agus chleachtóirí pinsean ar conas géilleadh le hAchtanna na bPinsean agus dea-chleachtais go ginearálta maidir le riarachán scéime.
I measc na bhforbairtí i 2005 bhí nuashonrú diaidh ar ndiaidh ar na leabhráin eolais saor in aisce chun na hathruithe sa reachtaíocht a d'éirigh as achtú an Achta Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2005 agus reachtaíochta eile a théann i bhfeidhm ar phinsin.

Mar chabhair, tá liosta iomlán de leabhráin eolais reatha an Bhoird leagtha amach in Aguisín IV, chomh maith le liosta treorach atá ar fáil ó eagraíochtaí eile.
Téann seirbhís eolais agus fiosrúcháin an Bhoird, tríd an nguthán agus trí chomhfhreagras, i ngleic le fiosrúcháin nó gearáin a fuarthas ó bhaill scéime agus a gcleithiúnaithe, daoine a d'fhéadfadh bheith ina mbaill, iontaobhaithe, ceardchumainn, fostóirí agus fostaithe cuideachtaí a bhfuil feidhmeanna acmhainne daonna pá agus caidrimh tionsclaíoch á chleachtadh acu. Tá fiosrúcháin, lena n-áirítear ceisteanna teicniúla, faighte ó chleachtóirí pinsean, comhlachtaí gairmiúla agus ionadaithe ón mheáin chumarsáide.

Seirbhísí suibscríbhinne (seirbhísí reachtaíochta agus nótaí treorach)

Cuireann an Bord roinnt seirbhísí ar fáil ar bhonn suibscríbhinne, a bhfuil ina measc seirbhís reachtaíochta atá ceaptha go príomhúil do chleachtóirí pinsean. Faigheann daoine a íocann suibscríbhinn don tseirbhís seo téacs comhdlúite neamhreachtúil d'Achtanna na bPinsean, agus de na Rialúcháin.

Freisin cuireann an Bord ar fáil trí shubscríbhinn nótaí treorach sonraithe ar na codanna éagsúla d'Achtanna na bPinsean agus de na Rialúcháin, go háirithe na réimsí sin a sháraíonn ghníomhas an iontaobhais agus rialacha na scéime. Faigheann na daoine a íocann an táille eolas nua-aimsire go rialta chun aon athraithe reachtúla a chur san áireamh. Rinneadh nuashonrú ar nótaí treorach maidir le tuairisciú éigeantach agus deonach don Bhord Pinsean, agus cinntí an Bhoird Pinsean i 2005 chun tagairtí do Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta a chur san áireamh.

Seirbhísí Tacaíochta Iontaoibhe

Tá freagracht iomlán ag iontaobhaithe faoi Achtanna na bPinsean do riaradh na scéimeanna. Dá réir, cuireann príomhfheidhmeanna reachtúla an Bhoird, mar atá leagtha amach in Alt 10(1) de Achtanna na bPinsean an méid seo a leanas san áireamh:

- Treoir a thabhairt do na hiontaobhaithe ar a ndualgais agus a gcúraimí maidir le riarachán na scéime;cóid cleachtais ar ghnéithe faoi leith de dhualgais iontaobhaithe a eisiúint;comhairle a thabhairt don Aire ar chaighdeáin d'iontaobhaithe agus ar a chur i bhfeidhm.

Tugann an leabhrán eolais "Is Iontaobhaí Scéime Pinsean Tú?" treoir chruinn d'iontaobhaithe i dtaobh a gcuid dualgas agus freagrachtaí. Foilsíodh eagrán nuashonraithe den lámhleabhar sin, chun na hathruithe reachtaíocht ag ardú ón sárú den Acht na bPinsean (Leasú), 2002 agus reachtaíocht eile ag cur tionchar ar phinsin a léiriú, i Samhain 2005.
Tá treoir chuimsitheach ar fáil d'iontaobhaithe tríd an Lámhleabhar Iontaobhaithe agus trí na Cóid Cleachtais atá ceaptha chun cur go mór le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird de réir Alt 10(1). Tá an Lámhleabhar Iontaobhaithe, arb é an dara heagrán é, ar fáil trí shíntiús ón mBord. Tá na Cóid Cleachtais ar fáil saor in aisce agus foilsíodh iad ar líne ar www.pensionsboard.ie.

Tugtha ar thábhacht den Lámhleabhar mar uirlis chun cabhrú do na hiontaobhaithe le a ndualgais agus a gcúraimí a scaoileadh go héifeachtach, cuimsíonn na Rialúcháin Nochtadh Eolais (I.R. 633 de 2005) riachtanas go gcaithfidh tagairt áirithe a dhéanamh sa tuarascáil bhliantúil de gach scéim ag gabh le an bhfuil rochtain ag iontaobhaithe na scéime ar Lámhleabhar Iontaobhaí.
Chuir an Bord, a dhéantar ionadaíocht dó ar an nGrúpa Stiúrtha d'Fhóram Iontaobhaithe an Irish Association of Pension Funds le forbairt Cúrsa Traenála Iontaobhaí atá á riaradh faoi choimirce an Fhóraim. Leanann an Bord chomh maith spreagadh a thabhairt don sholáthar d'áiseanna traenála oiriúnach d'iontaobhaithe na scéimeanna agus an tógáil-suas de na háiseanna sin ag iontaobhaithe.

Cuireann an Bord seirbhís fiosraithe ainmnithe ar fáil d'iontaobhaithe maidir lena dualgais agus cúraimí le tagairt speisialta don saghas eolais agus treorú atá ar fáil sa Lámhleabhar Iontaobhaí. Ní féidir freagraí ar roinnt ceisteanna a chur ar fáil ach ag comhairleoirí gairmiúla scéime is iad sin ná an t-achtúire, an t-iniúchóir, an bainisteoir infheistíochta nó comhairleoirí dlí agus ní féidir treoir a chuireann foireann an Bhoird ar fáil bheith in áit comhairle gairmiúla faoi leith maidir le scéim.

Ag cur chun cinn theachtaireacht na bpinsean

Bhain an Bord úsáid as modhanna éagsúla chun "teachtaireacht na bpinsean" a chur chun cinn i rith 2005, a raibh ina measc gníomhaíochtai a rinneadh faoin bhFeachtas Náisiúnta Feasacha Pinsean (FNFP). Tugadh 34 chur i láthair eolais d'iontaobhaithe, cheardchumainn, foireann fostaithe, chomhlachtaí ghairmiúla agus daoine eile ar phríomhghnéithe Achtanna na bPinsean agus reachtaíocht eile a théann i bhfeidhm ar phinsin.

Seo a leanas liosta de roinnt de na himeachtaí seo:

- Irish Insurance Institute – Pensions Acts Compliance Irish Association of Pensions Fund Investment Conference Family Law & Pensions Seminar – Family Lawyers Association Society of Actuaries in Ireland Pensions Forum
- Consultative Committee of Accountancy Bodies of Ireland Annual Insolvency Conference Irish Deaf Society – Women's Group Joint Irish Institute of Pensions Managers and Association of Pensions Lawyers in Ireland seminar on the National Pensions Review Dublin Chamber of Commerce Pensions Briefing

Suíomh idirlín Bhord na bPinsean (www.pensionsboard.ie)

Cuireann an Bord teagmháil neamhfhoirméalta ar fáil do pháirtithe leasmhara, i bhfoirm Fógra atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Bhoird. Eisíodh trí Fhógra a phléigh an

t-Athbhreithniú Náisiúnta ar Phinsin, ceisteanna géillte agus an Treoir IORP i rith 2005.
Cuireadh rochtain níos fearr do shuíomh idirlín an Bhoird chun cinn i rith 2005 trí áiseanna cuardaigh, leagan amach agus inrochtaineacht feabhsaithe. Mhéadaigh líon na gcuairteoirí ag beagnach 54% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é líon na gcuairteoirí i 2005 ná 216,052. Athsheoladh an suíomh idirlín i nDeireadh Fómhair 2005 agus tá, i measc áiseanna eile, leagan ar líne de leabhráin eolais an Bhoird agus áireamhán pinsean aige.

Feachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean (FNFP)

D'iarr an tAire um Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an mBord leanúint air lena Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean i rith 2005 chun feasacht maidir le pinsin a mhéadú, ag féachaint chuig clúdach pinsean in Éirinn a mhéadú agus spreagadh a thabhairt ach go háirithe dóibh siúd a bhfuil soláthar pinsean acu dul i ngleic le dóthaineacht an tsoláthair sin .

Tá clúdach na meán cumarsáide ar phinsin fós ag méadú agus cuireann an Bord fáilte roimh seo. Cuireann an Bord fáilte ach go háirithe roimh an aird a thugtar do cheisteanna pinsean i bhfoilseacháin nár cheap roimhe sin go gcuirfeadh a lucht léitheoireacha sprice spéis ann.
Dheimhnigh suirbhé a rinneadh ag deireadh 2005 don Bhord ag eagraíocht taighde margaidh neamhspleách go bhfuil feasacht ar phinsin ag leibhéal ard anois, creideann 87% d'fhreagróirí nach bhfreastalódh pinsean leasa shóisialta an Stáit ar a riachtanais agus iad imithe ar scor. De réir thorthaí an tsuirbhé, is iad na fáthanna a thugtar mar phríomhbhaic i gcoinne pinsean a thosú ag an gcuid is mó de dhaoine óg ná easpa braite inacmhainneachta; tús áite a thabhairt do chaiteachas ar thráchtearraí níos láithrí m.sh. teach/saoire/carr; tuairim go bhfuil siad ró-óg le pinsean a thosú agus easpa tuisceana faoi phinsin.

Ba é fócas an Fheachtas Náisiúnta Feasachta Pinsean de chuid an Bhoird i 2005 ná feasacht a athrú go gníomh dhearfach i bhfoirm glactha mhéadaithe, agus aird faoi leith á thabhairt do na grúpaí seo a leanas:

Príomhspriocanna An Daonra Oibre 25 – 35 bliana d'aois Mná Céimithe An Pobal Feirmeoireachta/Tuaithe Daoine féinfhostaithe

Spriocanna Tánaisteacha Daoine atá ag lorg poist den chéad uair Mic léinn Oibrithe inimirce

Ba é "gníomh agus freagracht" an téama sáraithe do 2005.
D'fhéach foireann togra a raibh ionadaithe ón mBord, ón Roinn, ó sholáthraithe, agus ó na páirtithe sóisialta ina measc, thar ghníomhaíochtaí an Fheachtas Feasachta.
Ba iad na tréimhsí ina raibh an ghníomhaíocht ba dhéine i 2005 ná Seachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean i mBealtaine, a dhírigh ar dhaoine óga, agus an tréimhse ag druidim leis an spriocdháta um cáin a chomhlánú i nDeireadh Fómhair, a dhírigh ar cheisteanna dóthaineachta agus na daoine féinfhostaithe. I measc cuid de bhuaicphointí Sheachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean bhí grianghraf an Aire, seoladh feachtas póstaer agus feachtas fhairsing sna meáin chumarsáide ina raibh níos mó ná 30 agallamh raidió ar fud an náisiúin san áireamh.

I rith 2005, cuireadh €570,000 ar fáil chun an feachtas a dhéanamh ar son an Rialtais. Ina theannta, mar chuid de Sheachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean, chuir

soláthraithe pinsean airgead i dtreo dáileadh náisiúnta ar shráid de 150,000 bileog Seachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean sna cathracha ar fad agus sna príombhailte cúige ar fud na hÉireann agus feachtais preas réigiúnda i ngach contae. Freisin bhí naisc idirlín do shuíomh idirlín an Bhoird Pinsean acu ar a suímh agus rinne siad a bhfógraíocht agus bolscaireacht dhíreach agus gníomhaíochta in-brainse féin ar phinsin.

Photo to be inserted here	Comóireann an tAire Séamus Brennan, Mary Hutch agus Léitheoir Teilifíse Ann Doyle Lá Idirnáisiúnta na mBan agus cuireann siad béim ar thábhacht soláthar pinsin dóthanaigh do mhná.	**Photo to be inserted here**
Seolann Comhdháil Preas Chomhdháil na gCeardchumann (CC) a mórcháipéis ar sholáthar pinsin in Éirinn agus d'iarr siad ar na hoifigigh agus baill Ceardchumainn ar fad an teachtaireacht faoin tábhacht a bhaineann le soláthar pinsin dóthanach a chur trasna.	**Photo to be inserted here**	Cuireann an tAire Séamus Brennan agus Mary Hutch chun cinn **Áireamhán Pinsin** ar líne de chuid Bhord na bPinsean.
Photo to be inserted here	Reáchtáil **Bord na bPinsean** seimineáir eolais in áiseanna **Dell Computers** i Luimneach, Bré agus Cherrywood chun Lá na bPinsean sa Láthair Oibre a chomóradh.	**Photo to be inserted here**
"Popcorn and Pensions"Minister Brennan launches Autumn/Winter Cinema advertising and poster campaign.	**Photo to be inserted here**	**Acht na bPinsean, 2005**A key focus during 2005 was targeting and encouraging young people to take action on starting a pension. **Anne Maher** (Chief Executive) Pensions Board launches National Pensions Action Week Poster campaign 2005
Grianghraf le bheith ionsáite anseo	**Construction Industry Monitoring Agency** –a Press Conference to promote the importance and legal requirement for all construction workers to be included in the registered construction industry pension scheme was held, with the support of the Pensions Board.	**Grianghraf le bheith ionsáite anseo**

Straitéis Oideachais ar Phinsin

Tá An Bord Pinsean ag obair i dteannta leis an Rialaitheoir Airgeadais, an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí agus go leor gníomhaireachtaí eile chun cur san áireamh foirmiúil pleanála airgeadais i gcóras oideachais na hÉireann, pleanáil um scor san áireamh, a chur chun cinn.

I measc gníomhaíochtaí bainteacha i rith 2005 bhí

- Seoladh díreach an 'Seicliosta Pinsean' chuig 1,200 comhairleoir gairmthreorach cláraithe agus freastal ar a gComhdháil Bhliantúil
- Aontú le FÁS agus Fáilte Ireland eilimint pinsean a chur ina bpróiseas traenála, agus
- Ag teacht ar aontú leis an National Federation of Recruitment Agencies tacaíocht a thabhairt d'eolas ar phinsin a chur ar fáil i measc a mball

Fiosruithe Leanúnacha a rinneadh don Bhord Pinsean

Léiríonn Táblaí 13 agus 14 thíos torthaí anailíse staitistice ar fhiosruithe a ndeachaigh an Bord Pinsean i ngleic leo i rith 2005, i gcomparáid le 2004.

TÁBLA 13 – NÁDÚR NA BHFIOSRUITHE

	2005		2004	
	Líon	**%**	**Líon**	**%**
Réamh agus Ginearálta	2110	18%	3,078	28%
Bunú Boird	326	3%	345	3%
Caomhnú	532	5%	480	4%
Caighdeán Maoinithe	93	1%	77	1%
Nochtadh	1319	11%	945	9%
Dualgais Iontaobhaí	292	2%	209	2%
Cóireáil Chomhionann	36	0%	37	0%
Tuairisciú Deonach & Éigeantach & Ilfheidhmiú don Ard-Chúirt	6	0%	11	0%
CCSP	4833	41%	3,889	35%
Fear an Phobail um Pinsin	28	0%	27	0%
* Scéimeanna Trasteorann	15	0%	0	0%
Gnó (Pinsin) Seirbhísí Airgeadais/Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST/GPSA)	1344	12%	864	8%
Fiosrúcháin Eile	855	7%	1,095	10%
Iomlán:	**11,789**	**100%**	**11,057**	**100%**



** Cuireadh fiosrúcháin a bhaineann le Scéimeanna trasteorann mar chatagóir nua i mbliana tar éis tabhairt isteach Cuid XII den Acht*

Léiríonn Tábla 13 gur mhéadaigh fiosrúcháin go 11,789 do 2005, méadú de 7% i gcomparáid le 2004 é sin. Léiríonn an méadú seo go príomhúil foilsiú na tuarascála ar an athbhreithniú náisiúnta ar phinsin, Treoir an IORCP agus fiosrúcháin a fuarthas mar fhreagra ar cheistneoir a d'eisigh Aonad CPCS an Bhoird (féach le do thoil an chaibidil ar Rialáil/CPCS). Mhínigh CPCS an líon ba mhó d'fhiosrúcháin, 4,833 san iomlán, a raibh 3,517 bhfiosrúchán ar an gceistneoir CPSC san áireamh ann. Ba chóir tabhairt faoi deara nach gcuireann an figiúir comhlán de 11,789 fiosrúchán, gnáth-fhiosrúcháin maidir le clárú agus bailiú táille san áireamh.

Is féidir an chatagóir "réamhfhiosrúcháin" agus "fiosrúcháin ghinearálta" a leagadh ar an dara líon ba mhó d'fhiosrúcháin (ag 18%), a raibh ina measc fiosrúcháin a bhaineann le Rialúcháin an RA/ na hÉireann, orduithe dlí teaghlaigh agus athrú pinsean agus iarratais ar leabhráin. Is féidir an déaduchtú ar fhiosrúcháin sa chatagóir seo a chur i leith laghdú ar iarratais ar leabhráin phriontáilte, de réir mar a fhaigheann níos mó custaiméirí an leagan leictreonach. Áiríonn an teideal "fiosrúcháin eile" cúrsaí a bhaineann le feidhmiú dlí iontaobhais ghinearálta, fiosrúcháin mac léinn taighde agus cúrsaí eile nach dtéann faoi shainchuspóir daingean an Bhoird m.sh. pleananna pinsean phearsanta agus pleananna leanúnacha ioncaim.

TÁBLA 14 – CATAGÓIR NA BHFIOSRAITHEOIRÍ				
	2005		2004	
	Líon	%	Líon	%
Pinsinéir	104	1%	187	2%
Ball Gníomhach	3,016	28%	2,534	25%
Comhlacht/Fostóir	379	3%	663	6%
Ceardchumann	28	0%	41	0%
Cleachtóir Pinsin	864	8%	725	7%
Iontaobhaí	226	2%	191	2%
RGST/GPSA	940	8%	554	5%
CCSP	4,268	39%	3,157	31%
Eile	1,207	11%	2,265	22%
Iomlán:	**11,032**	**100%**	**10,317**	**100%**

Category of Enquirers 2005



Soláthraíonn Tábla 14 briseadh síos de na fiosraitheoirí a chuaigh i dteagmháil leis an mBord i rith 2005. Ba é líon iomlán na bhfiosraitheoirí do 2005 ná 11,032, sin méadú de 7% ó 2004. Bhí fiosrúcháin a bhain le CPCS, a raibh fiosrúcháin maidir leis an gceistneoir CPCS san áireamh iontu, ag 39% d'fhiosraitheoirí (4,286 duine), mar a luadh cheana.
San áireamh sa rang iarmharach dár teideal "eile", tar, tá fiosrucháin ó phearsanra meán cumarsáide, mhic léinn taighde agus ón bpobal coitianta. Comharthaíonn an chatagóir seo laghdú de 47% ón mbliain roimhe, a bhféadfaí cur i leith fáil eolais ón ár suíomh idirlín ag fiosraitheoirí in áit dul i dteagmháil dhíreach leis an mBord.

Téann an líon fiosruithe (Tábla 13) níos mó ná líon fiosruithe (Tábla 14) mar d'ardaigh roinnt fiosraitheoirí níos mó ná ceist amháin.

Tacaíocht d'ionchur Éireannach do Chomhlachtaí Eachtracha

Ar cheann de chuspóirí straitéiseacha an Bhoird tá cur le hobair comhlachtaí idirnáisiúnta maidir le pinsin.

An tAontas Eorpach I rith 2005, thacaigh an Bord an baint Éireannach oifigiúil i gcúrsaí ábhartha le pinsin ag leibhéal AE. I dteannta leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, d'fhreastal sé ar phlé a d'eagraigh Coimisiún an AE ar chur i bhfeidhm an Treoir IORP agus chuir sé tacaíocht agus comhairle ar fáil don Roinn maidir le Treoir AE dréachta ar iniomparthacht cearta forlíontacha pinsean .

Freisin bhuail an Bord le Rialaitheoirí pinsean an RA (An Rialaitheoir Pinsean) na hÍsiltíre (arbh é Pensioe & Verzekringskamer roimhe sin agus arb é De Nederlandshe Bank é anois) agus na Gearmáine (BAFin), in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair chun réimsí comhleasa a phlé .

Committee of European Insurance and Occupational Pension Supervisors (CEIOPS) I rith 2003, rannpháirtigh an Bord le CEIOPS mar chuid dá ghníomhaíochtaí ábhartha leis an AE. Tá Rialaitheoirí ó Bhallstáit an AE ar fad ar an gCoiste seo agus san áireamh ina shainchuspóir tá forbairt comhoibrithe níos gaire idir Rialaitheoirí.

I rith 2005, léirigh an Bord Pinsean a leas ag an bPáirtí Oibre a bunaíodh chun féachaint thar fhorbairt Prótacal maidir le comhoibriú údarás maoirseachta Bhallstáit an AE ar na gníomhaíochtaí agus maoirseacht ar institiúidí um soláthar scor gairme atá ag feidhmiú trasteorann. Tá an Bord Pinsean mar bhall ar an Meitheal Oibre Prótacal atá mar fhoghrúpa ar an Meitheal Oibre IORP, ag cuimsiú seacht Bhallstáit AE. Bhí an Grúpa seo freagrach as dréachtú an "Budapest Protocol" a glacadh leis ag cruinniú . (Tá téacs an Phrótacail ar fáil ar shuíomh idirlín an CEIOPS, áit a bhfuil nasc do shuíomh idirlín an Bhoird).

Organisation for Economic Cooperation and Development (OECD) Bunaíodh an Páirtí Oibre ar Phinsin Phríobháideacha i 1999 chun fóram a chur ar fáil do lucht déanta polasaí ó thíortha OECD chun polasaí poiblí i dtreo pinsean príobháideach a phlé, le díriú ar Rialú. Tá a mhisean chun tíortha a chabhrú i bhforbairt de chreat oibre maoracha agus rialtóra fónta a chosnaíonn cearta baill agus tairbhithe agus a chothaíonn an slándáil airgeadais de phleananna pinsean agus cistí. Tá an obair sin á chur i bhfeidhm tríd an fhorbairt de chaighdeáin, anailís polasaí lán agus próiseas bailiú sonraí uathúil. Freisin cothaíonn an Páirtí Oibre agallamh le tíortha neamh-OECD trí chomhdhálacha agus cheardlanna i rith na bliana.

Lean an Bord, a dhéantar ionadaíocht dó ag Páirtí Oibre an OECD ar Phinsin Phríobháideacha, air ag léiriú dhearcadh na hÉireann ag cruinnithe an Pháirtí Oibre i 2005. Freisin rinne sé ionadaíocht d'Éirinn ag cruinnithe an International Organisation of Pensions Supervisors a fhorbraíonn prionsabail, caighdeáin agus dea-chleachtais ar cheisteanna maidir le maoirseacht pinsean agus ar cheisteanna rialaithe maidir le maoirseacht pinsean.

An Banc Domhanda Bhí gaol gníomhach fós ag an mBord Pinsean leis an mBanc Domhanda agus the World Bank Institute i rith 2005. Séard atá i gceist ann ná malartú eolais, bualadh le cuairteoirí a bhaineann le pinsean go hÉirinn, ionchur do chláracha traenála agus glacadh páirte i gcomhdhálacha agus seimeanáir a thugann an Banc Domhanda urraíocht dóibh, mar is cuí.

International Employee Benefits Association (IEBA) Chuaigh an Bord isteach sa Chumann i 2002, ó sin lean sé ar aghaidh lena bhaint leis. Bhí Príomhfheidhmeannach an Bhoird ina cainteoir ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil an Chumainn i 2005. Tá ról eolais agus oideachais ag an gCumann maidir le sochair fostaithe, pinsin ina measc.

TOSCAIREACHTAÍ Ó THÍORTHA EILE Faigheann an Bord go minic toscaireachtaí ó thíortha eile agus cuirtear taispeántais ar chóras pinsean na hÉireann ar fáil, mar a iarrtar.***Conclúid***Cleachtadh go gníomhach obair an Bhoird maidir le meabhraíocht pinsean i rith 2005 agus dheimhnigh suirbhé a rinne eagraíocht taighde margaidh neamhspleách go bhfuil meabhraíocht ar phinsin ag leibhéal ard anois. Cuireadh tacaíocht leanúnach i bhfoirm nótaí treorach, leabhrán eolais agus nuashonrú fógraí ar fáil d'iontaobhaithe agus chomhairleoirí gairmiúla faoi leith. Rinneadh athstruchtúrú ar an suíomh idirlín chun rochtain agus seirbhísí níos fearr a chur ar fáil dár gcuairteoirí. Leanfaidh an Bord air ag cur ar fáil eolais agus treorach ar cheisteanna bainteach le pinsin do réimse fhairsing páirtithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, mar phríomhbhealach le slándáil, struchtúir agus

rannpháirtíocht pinsean a thacú.**Caibideal**

Gníomhach

Achoimre de na Cuspóirí Ginearálta

D'fhonn

- monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar airgeadas an Bhoird agus moltaí cuí a dhéanamh don Aire ar athruithe riachtanacha nó inmhianaithe,
- monatóireacht a dhéanamh ar acmhainn na foirne agus moltaí cuí a dhéanamh don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- córais teicneolaíochta éifeachtacha a thacaíonn Rialú/maoirseacht an chóras CPCS a bhunú,
- aon athruithe i rialachas corparáideach a éiríonn as an gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit a ainmniú agus a chur i bhfeidhm
- an plean um Sheirbhís Custaiméra de Chaighdeán Ard a dhéanamh foirmeálta

Photo to be inserted here

Dáileadh bileog Seachtain Gnímh Náisiúnta na bPinsean; ar fud an náisiúin ar an tsráid.

Gníomhaíocht ag baint le Cuspóir Ginearálta

Chun cinntiú gur féidir linn ár gcuspóirí gnó a chomhlíonadh, tá an Bord geallta do chinntiú go bhfuil an cumas airgeadais, teicneolaíochta agus éirime againn chun ár spriocanna a chomhlíonadh agus ionas go ndéantar bainistiú cuí ar na hacmhainní seo. D'fheidhmigh go sásúil na struchtúir riaracháin a cuireadh ar bun chun gníomhaíochtaí an Bhoird a thacú i 2005.

Cur i bhfeidhm an Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

I nDeireadh Fómhair 2001, d'eisigh an Roinn Airgeadais Cód Cleachtais sainordaitheach don Rialú de Chomhlachtaí Stáit d'iarratas ag gach comhlacht Stáit tráchtála agus neamh-thráchtála. Cloíonn an Bord fós leis an gcód agus déanann sé monatóireacht ar riachtanais ar bhonn rialta. Freisin fuair na baill boird ar fad treoir ar Chóid Iompair eiticiúla agus go háirithe ar a bhfreagrachtaí maidir leis an gCód Cleachtais do bhaill agus d'fhoireann an Bhoird Pinsean agus leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Lean an Bord air ag déanamh monatóireachta ar a riachtanais TFC i rith 2005, chun tairbhí teicneolaíochta do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha. Ní raibh aon chaiteachas mór sa réimse seo i rith na bliana, cé go raibh tabhairt seirbhíse fós ag feabhsú trí inrochtaineacht an suíomh idirlín a fheabhsú. Tá sé

beartaithe mór-athbhreithniú a dhéanamh ar bhonneagar TFC an Bhoird i rith 2006.

Monatóireacht ar AirgeadaisBhí cur i bhfeidhm Córas Bainistíochta Airgeadais Nua (CBA) ina phríomhfhorbairt i mbliana. Soláthraíonn sé seo feidhmiúlacht tuairiscithe feabhsaithe agus freastalaíonn sé níos fearr ar riachtanais an Bhoird faoi láthair agus sa todhchaí maidir le héifeachtacht agus tapúlacht i gcinntí faoi chaiteachas, idirbhearta, monatóireacht agus tuairisciú airgeadais.

Dheimhnigh ár socruithe monatóireachta reatha nach raibh aon íosathraithis móra ioncaim agus caiteachais ón mbliain roimhe.

Maidir le maoiniú costas maoirseachta ar scéimeanna pinsean ceirde, mhol an Bord don Aire gan aon athrú a dhéanamh ar a tháille de €9.50 in aghaidh ball scéime ghníomhach do 2005. Tá sé seo faoi réir Rialúcháin na Scéimeanna Pinsean Ceirde (Táillí) (Leasú) 2002 (I.R. 610 de 2002).
Maidir le maoiniú maoirseachta ar CCPS, forálann Acht na bPinsean (Leasú) 2002 do shruth táille ioncaim ar leith chun costas rialú na dtáirgí seo a chlúdú Faoi na forálacha sin, tá an struchtúr táille a bhaineann le soláthóirí CPCS a cuireadh ar bun ag Riail Cuntais Phearsanta Coigilitis Scoir (I.R. 56 de 2002) fós i bhfeidhm. Chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maoiniú de €1.2m ar fáil don Bhord i 2005 chun costais a tarraingíodh maidir le maoirseacht ar CPCS a íocMar a míníodh sa chaibidil roimhe, lean an Feachtas Náisiúnta um Mheabhraíocht ar Phinsin ar aghaidh i 2005 agus chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh dáileadh de €570,000 chuige seo ar fáil. Léirítear an caiteachas sin sna cuntais bhliantúla.
Lean an Bord ar aghaidh lena chlár iniúchta inmheánaigh a cuireadh amach chuig na cleachtóirí cuntasaíochta agus iniúctha Mazars and Company. Bhí dhá chuairt don láthair mar chuid den chlár iniúchta inmheánaigh i mbliana. D'athbhreithnigh na cuairteanna suímh roinnt príomhsmachta agus próisis. Rinne an Coiste Airgeadais agus Iniúctha agus an Bord athbhreithniú ar thuarascálacha a thug na hiniúchóirí inmheánacha i rith na bliana.

AirgeadasBa é méid iomlán an chaiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 ná €5.66m, méid a léiríonn méadú de 11% nuair a chuirtear i gcomparáid é leis an mbliain roimhe. Ba é méid iomlán an ioncaim don bhliain ná €6.5m, méadú de 0.8% ón mbliain roimhe.

Cruthaíodh ioncam ilghnéitheach de €0.22m ina iomlán ó ús ar airgead a coinníodh i dtaisce, ó dhíol foilseachán agus ó bronnadh costas ag éirí as ionchúisimh rathmhara a rinne an Bord i 2005.
Tháinig an farasbarr ioncaim thar caiteachas ag ardú sa bhliain ar €00.86m. Bhí an chomh fharasbarr i 2004 ná €10.4m.

Bailiú Táille
Ag deireadh 2005 bhí ar 21,000 scéim pinsean ceirde táillí a íoc don Bhord . Ina theannta, bhí ar 48,000 scéim aon-bhall a bunaíodh ar nó tar éis 1 Eanáir 1993 táillí a íoc. Seasann an comhardú scéimeanna ar chlár an Bhoird do na

scéimeanna sin nach ndlitear íocaíochtaí táillí orthu toisc nach bhfuil siad ag feidhmiú a thuilleadh, toisc gur scéimeanna Ranníocaíochtaí Breise Deonacha (RBD) iad nó toisc gur scéimeanna iad nach féidir ach sochar marthanóirí a sholáthar.

Bhailigh an Bord €4.1m in ioncam táille i leith scéimeanna pinsean ceirde a bhí le cur i gcomparáid go leathan leis an méid a ardaíodh i 2004. I leith CCSP bhailigh an Bord táillí de €210,000, i gcomparáid le leibhéil 2003 agus 2004; b'iad sin ná €75,000 agus €140,000 .

Radharc Airgeadais

Chinn an Bord gan tuilleadh aistrithe a dhéanamh ón gcuntas ioncaim agus caiteachais don Chiste Feidhmiú Géilliúlachta, arb é €0.3m an méid iomlán atá ann faoi láthair.
Ó am go chéile, mar thoradh ar an aistriú bliantúil ón gcuntas ioncaim agus caiteachais go soláthar dímheasa, i dteannta le tráthú fáltas ioncaim táille, bíonn farasbharr airgid ag an mBord dá riachtanais láithreacha. Nuair a tharlaíonn sé sin, tá farasbarr airgid á infheistiú in urrúis riosca íseal gearr-théarmach a ghéilleann aischur inghlactha comhsheasmhach le feidhmeanna reachtúla agus údarás an Bhoird.
Ag deireadh 2005, ba é Cúlchiste Ioncaim an Bhoird, farasbhairr charntha a bhí ann, ná €4.77m.
Seasann an Cúlchiste Caipitil CPCS d'eilimint caiteachais chaipitiúil na gcistí a chuireann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar fáil don Bhord chun cur le costas gníomhaíochtaí rialúcháin CPCS an Bhoird. Ag deireadh 2005, ba é méid iomlán na Cúlchiste Caipitil CPCS ná €0.36m.

Monatóireacht ar acmhainní foirne

Sheas an foireann comhlán ceadaithe ag deireadh 2005 ag 39.5 poist. I dteannta le montaóireacht a dhéanamh ar líon agus costais foirne, leanann an Bord air ag forbairt a chleachtais Acmhainne Daonna, ag obair go gar le Coistí Comhpháirtíochta agus Bainistíochta chun cumas, gealltanas agus deis foirne a chothú.

I measc príomhghnéithe ár gcur chuige i rith 2005 bhí:

- Foireann de chaighdeán ard a bhfuil taithí fhairsing acu ar féidir leo cur go dearfach le luachanna agus cultúr an Bhoird trí phá agus coinníollacha córa agus bainistíocht réamhghníomhach daoine a **tharraingt agus a choimeád**.**Próisis roghnaithe** atá bunaithe ar fhiúntas a chur i bhfeidhm, ag díriú ar inniúlachtaí lárnacha Tá sé de rún ag an mBord go mbeadh comhionannas deiseanna ag gach ball foirne agus ball foirne féideartha gan cuimhneamh ar inscne, stádas pósta, stádas clainne, chine, chreideamh, chlaonadh gnéasach, mhíchumas, aois ná ballraíocht ar phobal an lucht taistil.**Sábháilteacht, sláinte agus leas** fostaithe a chinntiú trí áit agus córas oibre slán a choimeád de réir riachtanas an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag Obair, 1989. Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don phróiseas seo, rinneadh traenáil Sláinte agus Sábháilteachta i 2005 i dteannta le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Ceapadh Oifigeach Inrochtaineachta Foirne i 2005.

- **Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna** ríomhairithe nua a chur i bhfeidhm, chun coimeád taifead agus cumas tuairiscithe a fheabhsú.Glacadh le comhúinéireacht i gcuspóirí an Bhoird a bhaint amach trí phróiseas **Comhpháirtíochta**. I rith 2005, bhuail an Coiste Comhpháirtíochta aon uair déag Ag a chruinniú tosaigh, aontaíodh ar phlean oibre a chlúdaigh:Scéim Dreasacht FoirneScéim Duaise Faid-SheirbhíseMonatóireacht leanúnach de chúrsaí foirneCumarsáid leanúnach do bhaill foirne (bhí suirbhé ar dhearcadh na foirne agus chomhpháirtíocht i gceist ann)Ag obair le chéile chun **feabhsú leanúnach** a dhéanamh.

Mar chuid dá ghealltanas don phróiséas tuairiscithe faoin gComhaontas Dul Chun Cinn Leanúnach, thug an Coiste Comhpháirtíochta d'Ard-Rúnaí an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar a dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm phlean gnímh nuachóirithe an Bhoird, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Bhoird . Ghlac an t-Ard-Rúnaí leis gur chomhlíon an dá thuarascáil a cuireadh isteach i 2005, an dul chun cinn ar nuachóiriú a bhí ag teastáil agus tugadh cead don Bhord na méaduithe ar phá a foráladh dóibh sa Chomaontas Dul Chun Cinn Leanúnach a bhronnadh.Cinntiú go dtugar **insealbhú agus oiliúint cheart** den chaighdeán is airde do na fostaithe ar fad chun cinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna cuí ag gach duine chun an tseirbhís is fearr a thabhairt.

